# RIALACHÁN (AE) 2023/1670 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Meitheamh 2023

## lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Threoir 2009/125/CE, ba cheart don Choimisiún ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh arb ionann iad agus méid suntasach díolachán agus trádála san Aontas agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol agus a bhfuil acmhainneacht shuntasach iontu feabhas a chur ar a ndearadh ó thaobh an tionchar atá acu ar an gcomhshaol, gan costais iomarcacha a bheith i gceist leis.

(2) Rinne an Coimisiún staidéar ullmhúcháin chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha d'fhóin phóca, d'fhóin shiúil agus de ríomhairí táibléid. Rinneadh an staidéar le geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara ón Aontas agus ó thríú tíortha, agus cuireadh na torthaí ar fáil go poiblí.

(3) Mar gheall ar an méadú mór ar an éileamh ar fhóin chliste agus ar tháibléid, mar aon lena bhfeidhmiúlacht mhéadaithe, tá méadú ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar ábhair a theastaíonn chun na gairis seo a mhonarú ar mhargadh an Aontais, agus méadú ar na tionchair chomhshaoil a bhaineann leo. Anuas air sin, is minic go gcuireann úsáideoirí gairis eile in ionad na ngaireas sin roimh am agus ní dhéantar iad a athúsáid ná a athchúrsáil a dhóthain ag deireadh a saolré ionchais, rud a fhágann go gcuirtear acmhainní amú. I bhfianaise an méid sin, sainaithníodh sa staidéar ullmhúcháin gnéithe comhshaoil a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa Rialachán seo. Baineann na gnéithe sin den chuid is mó le héifeachtúlacht acmhainní agus áirítear leo dífheidhmeacht roimh am a sheachaint, indeisitheacht, iontaofacht na dtáirgí agus a bpríomh-chomhpháirteanna amhail ceallraí agus taispeáint, ath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht.

(4) Le ceanglais éicidhearthóireachta ba cheart go ndéanfaí éifeachtúlacht acmhainní fón póca, fón siúil agus ríomhairí táibléid a chomhchuibhiú ar fud an Aontais chun go n-oibreoidh an margadh inmheánach ar bhealach níos fearr agus chun feidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí sin a fheabhsú. I bhfianaise na haidhme seo agus na ngnéithe comhshaoil a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, léirigh an staidéar ullmhúcháin gur cheart go mbeadh baint ag ceanglais éicidhearthóireachta le dearadh ar mhaithe le hiontaofacht, lena n-áirítear friotaíocht ar thitim de thaisme, frithsheasmhacht in aghaidh scríobtha, cosaint ó dheannach agus uisce, agus fad saoil ceallraí, lena n-áirítear an cumas atá i dtáirgí dul faoi dhí-chóimeáil agus a n-indeisitheacht, fáil ar uasghráduithe den leagan den chóras oibriúcháin, agus scrios sonraí agus aistriú feidhmiúlachtaí tar éis a n-úsáid, faisnéis chuí a sholáthar d'úsáideoirí, deisitheoirí agus athchúrsáluithe chomh maith le buanseasmhacht ceallraí.

(5) Chun a áirithiú gur féidir gairis a dheisiú go héifeachtach, ba cheart raon páirteanna spártha a bheith ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla nó d'úsáideoirí deiridh. Ba cheart é a bheith d'éifeacht ag na páirteanna spártha sin, gan beann ar cé acu an bhfuil siad nua nó úsáidte, feidhmiúlacht an ghairis ina bhfuil siad suiteáilte a uasghrádú nó a athbhunú.

(6) Chun a áirithiú gur féidir gairis a dheisiú go héifeachtach, ba cheart praghas páirteanna spártha a bheith réasúnta agus níor cheart go ndíspreagfadh sé deisiú. Chun trédhearcacht a chruthú agus chun socrú praghsanna réasúnta a dhreasú, ba cheart an praghas táscach réamhchánach ar pháirteanna spártha arna soláthar de bhun an Rialacháin seo a bheith so-aimsithe ar shuíomh gréasáin saor-rochtana.

([1]) IO L 285, 31.10.2009, lch. 10.

(7) Níl sé indéanta faoi láthair, nó tá thar a bheith deacair, d'úinéirí fón póca, lena n-áirítear úinéirí fón cliste, agus táibléad córas oibriúcháin a ngléas a athrú, arna roghnú agus arna chothabháil ag an monaróir trí nuashonruithe rialta. Bunaítear raon leaganacha móra agus mionleaganacha mar thoradh ar nuashonruithe den sórt sin de ghnáth. Féadfar nuashonruithe a úsáid chun slándáil leanúnach gairis a áirithiú, chun earráidí sa chóras oibriúcháin a cheartú nó chun feidhmiúlachtaí nua a thairiscint d'úsáideoirí. Féadfar iad a thairiscint go deonach nó d'fhéadfadh sé go mbeadh ceangal orthu iad a thairiscint faoi dhlí an Aontais. Chun iontaofacht na ngaireas a fheabhsú, dá bhrí sin, ní mór a áirithiú go leanfar de nuashonruithe den sórt sin a chur ar fáil d'úsáideoirí ar feadh íostréimhse ama agus gan aon chostas, lena n-áirítear ar feadh tréimhse tar éis don mhonaróir éirí as an múnla táirge ábhartha a dhíol. Ba cheart nuashonruithe den sórt sin a thairiscint mar nuashonruithe ar an leagan is déanaí den chóras oibriúcháin atá ar fáil agus nach mór a shuiteáil ar an ngaireas, nó mar nuashonruithe ar leagan an chórais oibriúcháin a suiteáladh ar an múnla táirge tráth a chuirtear deireadh leis an gcur ar an margadh, nó mar leaganacha ina dhiaidh sin.

(8) D'fhéadfaí an ceanglas maidir le feidhmiúlacht chun an eochair chriptiúcháin a scriosadh go slán a chur i bhfeidhm trí réitigh theicniúla amhail feidhmiúlacht a chuirtear i bhfeidhm i ndochtearraí, go hiondúil sa lódálaí bútála, i mbogearraí a chuirtear i suíomh féinchuimsitheach bútála, nó i mbogearraí ar féidir iad a shuiteáil sna córais tacaithe oibriúcháin a sholáthraítear leis an táirge.

(9) B'ionann ídiú fuinnimh phríomha iomlán an bhoinn suiteáilte i mBallstáit AE27 i gcás fóin phóca, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid in 2020 thar a saolré agus 39.5 uair theireavata (arb é 28,5 uair theireavat i gcás fóin chliste, 1,6 uair theireavat i gcás fóin phóca seachas fóin chliste, 1.8 uair theireavat i gcás fóin shiúil agus 7.6 uair theireavat i gcás ríomhairí táibléid), lena n-áirítear sciar mór den ídiú fuinnimh phríomha i dtáirgeadh lasmuigh de na Ballstáit AE27. Ar na 39.5 uair theireavat sin, is ionann an sciar a luaitear le tomhaltas leictreachais (chun críoch táirgthe agus úsáide araon) agus 26.6 uair theireavata (19.2 uair theireavata, 0.9 uair theireavata, 1.1 uair theireavata agus 5.4 uair theireavata, faoi seach, i gcás fóin chliste, fóin phóca seachas fóin chliste, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid). Mura gcuirtear bearta rialála i bhfeidhm, meastar go laghdóidh na luachanna sin rud beag go 39.3 uair theireavata (29.3 uair theireavata, 1.5 uair theireavata, 1.4 uair theireavata agus 7.3 uair theireavata, faoi seach, i gcás fóin chliste, fóin phóca seachas fóin chliste, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid) d'fhuinneamh príomhúil in 2030. Tá coinne leis go gcuirfidh sé éifeacht chomhcheangailte an Rialacháin seo agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2023/1669 ón gCoimisiún ([2]) teorainn le luach na bliana 2030 go 25.4 uair theireavata (18.2 uair theireavata, 1.0 uair theireavata, 1.1 uair theireavata agus 5.2 uair theireavata, faoi seach, i gcás fóin chliste, fóin phóca eile seachas fóin chliste, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid), rud arb ionann é agus sábháil de thart ar 33 % ar ídiú fuinnimh phríomhúil i gcás fóin chliste, fóin phóca seachas fóin chliste, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid i gcomparáid leis an méid a tharlódh mura ndéanfaí beart ar bith.

(10) Ba cheart na paraiméadair táirge ábhartha a thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe. Ba cheart a chur san áireamh sna modhanna sin modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin, caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh ag na comhlachtaí caighdeánaithe Eorpacha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(11) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2009/125/CE, ba cheart na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme a shonrú sa Rialachán seo.

(12) D'fhonn seiceálacha ar chomhlíonadh a éascú, ba cheart do mhonaróirí, d'allmhaireoirí nó d'ionadaithe údaraithe faisnéis a sholáthar sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Treoir 2009/125/CE a mhéid a bhaineann an fhaisnéis sin leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

(13) Chun críoch faireachais margaidh, ba cheart a cheadú do mhonaróirí, d'allmhaireoirí nó d'ionadaithe údaraithe tagairt a dhéanamh don bhunachar sonraí táirgí má tá an fhaisnéis chéanna sna doiciméid theicniúla i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2023 bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid (Féach leathanach 9 den Iris Oifigiúil seo).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(14) Chun tomhaltóirí a chosaint agus ionas nach ndéanfar sárú ar na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart toirmeasc a chur ar tháirgí a athraíonn a bhfeidhmíocht go huathoibríoch i gcoinníollacha tástála chun na paraiméadair dhearbhaithe a fheabhsú.

(15) I dteannta na gceanglas atá ceangailteach ó thaobh dlí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart tagarmharcanna táscacha le haghaidh na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a shainaithint chun faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil táirgí atá faoi réir an Rialacháin seo thar a saolré a chur ar fáil go forleathan agus go mbeadh sí inrochtana go héasca, i gcomhréir le Treoir 2009/125/CE, Iarscríbhinn I, cuid 3, pointe (2).

(16) Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán seo, ba cheart go ndéanfaí measúnú ar a oiriúnaí agus a éifeachtaí atá a fhorálacha chun a spriocanna a bhaint amach. Ba cheart a chur san áireamh in uainiú an athbhreithnithe, i measc fachtóirí eile, cé acu atá nó nach bhfuil na forálacha go léir curtha chun feidhme agus cé acu atá nó nach bhfuil éifeacht acu ar an margadh.

(17) Ba cheart Rialachán (AE) 2023/826 ([4]) ón gCoimisiún a leasú a leasú chun fóin shiúil a eisiamh óna raon feidhme chun nach mbeidh aon fhorluí idir na táirgí sin agus na táirgí céanna faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(18) Ba cheart teacht i bhfeidhm na gceanglas éicidhearthóireachta tarlú 21 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, chun go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí a gcuid táirgí a athdhearadh faoi réir an Rialacháin seo.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 19(1) de Threoir 2009/125/CE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo bunaítear ceanglais éicidhearthóireachta maidir le fóin chliste, fóin phóca eile, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid a chur ar an margadh.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí seo a leanas:

(a) fóin phóca agus ríomhairí táibléid lena ngabhann príomh-thaispeáint sholúbtha ar féidir leis an úsáideoir iad a oscailt amach nó a rolladh suas i bpáirt nó go hiomlán;

(b) fóin chliste le haghaidh cumarsáid ardsliándála.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘fón póca’ gaireas leictreonach láimhe gan sreang, a mbaineann na saintréithe seo a leanas leis:

(a) tá sé deartha le haghaidh cumarsáid gutha fadraoin thar líonra teileachumarsáide ceallaí nó thar líonra teileachumarsáide bunaithe ar shatailítí, a éilíonn cárta SIM, eSIM nó modhanna comhchosúla chun na páirtithe nasctha a shainaithint;

(b) tá sé deartha le haghaidh úsáid mód ceallraí, agus is chun críocha luchtaithe ceallraí go príomha a nasctar é leis an bpríomhlíonra trí sholáthar cumhachta seachtrach agus/nó tarchur cumhachta gan sreang;

(c) níl sé deartha lena chaitheamh ar an gcaol.

([4]) Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú leictreachais móid ‘as’, móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún (IO L 103, 18.4.2023, lch. 29).

(2) ciallaíonn 'fón cliste' fón póca, a mbaineann na saintréithe seo a leanas leis:

(a) tá ceangal líonra gan sreang, úsáid shoghluaiste seirbhísí idirlín, córas oibriúcháin atá barrfheabhsaithe le haghaidh úsáid shoghluaiste agus an acmhainn chun glacadh le feidhmchláir bogearraí bunaidh agus tríú páirtí mar shaintréithe de;

(b) tá taispeáint tadhallscáileáin chomhtháite ag gabháil leis ina bhfuil méid trasnánach inamhairc 10,16 ceintiméadar (nó 4,0 orlach) nó níos mó, ach níos lú ná 17,78 ceintiméadar (nó 7,0 n-orlach);

(c) i gcás ina bhfuil taispeáint infhillte agus/nó níos mó ná taispeáint amháin ag an ngaireas, baineann ar a laghad ceann amháin de na taispeántais leis an raon méide i mód oscailte nó iata.

(3) ciallaíonn 'fón cliste le haghaidh cumarsáid ardshlándála' fón cliste, a mbaineann na saintréithe seo a leanas leis:

(a) tá sé creidiúnaithe, nó formheasta ar shlí eile ag an údarás ainmnithe i mBallstát nó tá sé á chreidiúnú nó á fhormheas ar bhealach eile chun faisnéis rúnaicmithe a tharchur, a phróiseáil nó a stóráil;

(b) tá sé beartaithe d'úsáideoirí gairmiúla amháin;

(c) tá sé in ann cur isteach fisiciúil ar na crua-earraí a bhrath, lena n-áirítear faoi choinne ionradh a bhrath rialtóir amháin ar a laghad, sreangú gaolmhar, ciorcadra cláir ciorcad priontáilte solúbtha le haghaidh cosanta in aghaidh druileála atá comhtháite i bhfonnadh an ghléis agus lúba frithchrioscaíola comhtháite ar an bpríomhchlár ciorcad priontáilte.

(4) ciallaíonn 'úsáideoir gairmiúil' aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar cuireadh táirge ar fáil dó lena úsáid le linn a ghníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla;

(5) ciallaíonn 'fón siúil' gaireas leictreonach láimhe gan sreang, a mbaineann na saintréithe seo a leanas leis:

(a) tá sé deartha le haghaidh cumarsáid gutha fadraoin thar líonra teileachumarsáide líne talún;

(b) tá sé ceangailte le stáisiún bunáite trí chomhéadan raidió;

(c) tá sé deartha le haghaidh úsáid mód ceallraí, agus is chun críocha luchtaithe ceallraí go príomha a nasctar iad leis an bpríomhlíonra trí sholáthar cumhachta seachtrach.

(6) ciallaíonn 'stáisiún bunáite' gaireas a fheidhmíonn mar dhroichead idir an nasc líonra (nasc teileafóin nó Idirlín) agus ceann amháin nó níos mó de roinnt sásanna láimhe fóin gan sreang, ach nach soláthraíonn feidhmíocht ródaire le haghaidh aon ghairis eile. De ghnáth soláthraíonn stáisiún bunáite an leaba luchtaithe freisin lena n-athluchtaítear an sás láimhe;

(7) ciallaíonn 'leaba luchtaithe' gaireas a fheidhmíonn mar aonad luchtaithe le haghaidh sás láimhe fóin gan sreang amháin, ach ní sholáthraíonn sé feidhmiúlacht nasctha líonra;

(8) ciallaíonn 'ríomhaire táibléid' gaireas atá deartha lena iompar agus a mbaineann na saintréithe seo a leanas leis:

(a) tá taispeáint tadhallscáileáin chomhtháite ag gabháil leis ina bhfuil méid trasnánach 17,78 ceintiméadar (nó 7,0 orlach) nó níos mó agus níos lú ná 44,20 ceintiméadar (nó 17,4 orlach);

(b) níl méarchlár comhtháite atá i gceangal go fisiciúil leis an táirge aige sa chumraíocht deartha;

(c) braitheann sé go príomha ar nasc líonra gan sreang;

(d) tá sé cumhachtaithe ag ceallra inmheánach agus níl sé ceaptha oibriú gan ceallra;

(e) cuirtear ar an margadh é le córas oibriúcháin atá deartha le haghaidh ardáin shoghluaiste, atá comhionann nó cosúil le fóin chliste;

(9) ciallaíonn 'aitheantóir múnla' an cód, atá alfa-uimhriúil de ghnáth, lena ndéantar idirdhealú idir múnla sonrach de tháirge agus múnlaí eile a bhfuil an trádmharc céanna nó ainm an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe chéanna ag gabháil leo;

(10) ciallaíonn 'bunachar sonraí táirgí' bailiúchán sonraí a bhaineann le táirgí, a shocraítear ar bhealach córasach agus arb é atá ann cuid phoiblí atá dírithe ar thomhaltóirí, ina bhfuil rochtain leictreonach ar fhaisnéis a bhaineann le paraiméadair táirgí aonair, tairseach ar líne ar mhaithe le hinrochtaineacht agus cuid a bhaineann le comhlíonadh, lena ngabhann ceanglais inrochtaineachta agus slándála a shonraítear go soiléir, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1369;

(11) ciallaíonn 'múnla coibhéiseach' múnla a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna leis is ábhartha maidir leis an bhfaisnéis theicniúil atá le soláthar, ach is múnlú é a chuireann an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe céanna ar an margadh nó i seirbhís mar mhúnla eile a bhfuil aitheantóir múnla difriúil leis.

2. Chun críocha Iarscríbhinní II go V, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 3*

**Ceanglais éicidhearthóireachta**

Beidh feidhm ag na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II ó na dátaí a shonraítear inti.

*Airteagal 4*

**Measúnú comhréireachta**

1. Is éard a bheidh sa nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2009/125/CE ná an córas rialaithe dearaidh inmheánaigh atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin nó an córas bainistíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.

2. Chun críocha measúnaithe comhréireachta de bhun Airteagal 8(2) de Threoir 2009/125/CE, sa doiciméadacht theicniúil beidh cóip den fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mionsonraí agus torthaí na ríomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. I gcás ina bhfuarthas an fhaisnéis atá sa doiciméadacht theicniúil maidir le múnla ar leith:

(a) ó mhúnla ag a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna atá ábhartha maidir leis an bhfaisnéis theicniúil atá le soláthar ach ar múnla é a tháirgeann monaróir difriúil, nó

(b) trí ríomh a dhéanamh ar bhonn dearaidh nó eachtarshuímh ó mhúnla eile leis an monaróir céanna nó le monaróir eile, nó an dá rud,

áireofar sa doiciméadacht theicniúil mionsonraí an ríomha sin, an measúnú a rinne an monaróir chun cruinneas an ríomha a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, an dearbhú maidir le céannacht mhúnlaí na monaróirí éagsúla.

Áireofar sa doiciméadacht theicniúil liosta de mhúnlaí coibhéiseacha, lena n-áirítear aitheantóirí múnla.

4. Áireofar sa doiciméadacht theicniúil freisin an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669. Chun críocha faireachais margaidh, féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, gan dochar do phointe 2(g) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/125/CE, breathnú ar an doiciméadacht theicniúil arna uaslódáil chuig an mbunachar sonraí táirgí ina bhfuil an fhaisnéis chéanna atá leagtha síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669.

*Airteagal 5*

**Nós imeachta fíorúcháin chun críoch faireachais margaidh**

Cuirfidh na Ballstáit an nós imeachta fíorúcháin atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo i bhfeidhm agus na seiceálacha um fhaireachas margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2009/125/CE á ndéanamh acu.

*Airteagal 6*

**Imchéimniúchán**

1. Ní chuirfidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe táirgí ar an margadh a dheartar chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú nuair a thástálann údaráis na mBallstát a dhéanann seiceálacha ar chomhlíonadh táirgí iad, chun toradh níos fabhraí a bhaint amach maidir le haon cheann de luachanna fógartha na bparaiméadar a chumhdaítear leis na ceanglais éicidhearthóireachta a áirítear sa Rialachán seo agus is infheidhme tráth a gcuirtear na táirgí ar an margadh.

Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dóibh, táirgí atá deartha le bheith in ann a bhrath go bhfuil siad á dtástáil (e.g. trí na dálaí tástála nó an timthriall tástála a aithint) agus a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú go huathoibríoch mar fhreagairt agus táirgí a réamhshocrú chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú tráth na tástála.

2. Ní fhorordóidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe treoracha tástála, a bheidh sonrach tráth a dhéanfaidh údaráis na mBallstát, a dhéanann seiceálacha ar chomhlíonadh táirgí, tástáil ar na táirgí sin, lena n-athraítear iompraíocht nó airíonna táirgí chun toradh níos fabhraí a bhaint amach maidir le haon cheann de luachanna dearbhaithe na bparaiméadar a chumhdaítear leis na ceanglais éicidhearthóireachta a áirítear sa Rialachán seo tráth a gcuirtear na táirgí ar an margadh.

Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dó, athrú láimhe ar tháirge atá á ullmhú don tástáil lena n-athraítear a iompraíocht nó a airíonna ó thaobh ghnáthúsáid an úsáideora de.

3. Ní chuirfidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe táirgí ar an margadh a dheartar chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú laistigh de thréimhse ghearr tar éis dóibh an táirge a chur i seirbhís, rud a rachaidh chun donais aon cheann de luach fógartha na bparaiméadar a chumhdaítear leis na ceanglais éicidhearthóireachta a áirítear sa Rialachán seo agus is infheidhme tráth a gcuirtear na táirgí ar an margadh.

*Airteagal 7*

**Tagarmharcanna táscacha**

Tá na tagarmharcanna táscacha le haghaidh na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí is fearr feidhmíochta atá ar fáil ar an margadh 20 Meán Fómhair 2023 a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 8*

**Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta agus cuirfidh sé torthaí an athbhreithnithe sin, lena n-áirítear, más iomchuí, dréacht-togra le haghaidh athbhreithniú, faoi bhráid an Fhóraim Comhairliúcháin arna bhunú de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) faoin 20 Meán Fómhair 2027.

Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas go háirithe san athbhreithniú:

(a) an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a athbhreithniú chun forbairt an mhargaidh a léiriú;

(b) a oiriúnaí atá sé táirgí inchaite cliste a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus ceanglais chineálacha agus ceanglais shonracha a leagan síos maidir leo sin;

(c) a oiriúnaí atá sé sainceanglais éicidhearthóireachta a shocrú maidir le friotaíocht ríomhairí táibléid ar thitim de thaisme;

(d) an oiriúnacht i dtaca le déine an cheanglais maidir le buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta a mhéadú;

(e) an oiriúnacht i dtaca le ceallra caighdeánaithe a shainiú a d'fhéadfaí a úsáid go hidirmhalartaithe ar fud raon fón póca agus ríomhairí táibléid;

([5]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

(f) an gá atá le ceanglais a leagan amach chun deisiúchán agus in-uasghrádaitheacht a éascú le páirteanna athláimhe nó le páirteanna spártha tríú páirtí;

(g) an gá atá le liosta de pháirteanna spártha, infhaighteacht páirteanna spártha in aghaidh an spriocghrúpa lena n-áirítear deisitheoirí gairmiúla agus úsáideoirí deiridh, agus faisnéis deisiúcháin a leagtar amach ceanglais ina leith a athbhreithniú nó a leathnú;

(h) eilimintí ceimiceacha breise a áireamh sna ceanglais faisnéise in Iarscríbhinn II;

(i) an gá atá le ceanglais iontaofachta a bhaineann le gairis infhillte a chur san áireamh;

(j) an oiriúnacht i dtaca le ceanglais a fhorchur maidir le hinneachar athchúrsáilte ábhar;

(k) an oiriúnacht a bhaineann le ceanglais bhreise faisnéise a fhorchur maidir le praghsanna na bpáirteanna spártha;

(l) an rogha do mhonaróirí sonraí le haghaidh priontáil 3T ar chomhpháirteanna plaisteacha (e.g. clúdach le haghaidh urrann ceallra, cnaipí etc.) a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana, chomh maith lena n-oibleagáid na páirteanna spártha sin a chur ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla nó d'úsáideoirí deiridh, nó mar mhodh chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh;

(m) an oiriúnacht a bhaineann le srathú páirteanna a thoirmeasc;

(n) oiriúnacht na gceanglas maidir le nuashonruithe feidhmiúlachta ar an gcóras oibriúcháin;

(o) oiriúnacht na ndíolúintí le haghaidh gairis infhillte;

(p) an oiriúnacht a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú le haghaidh fóin phóca agus ríomhairí táibléid lena ngabhann príomh-thaispeáint sholúbtha is féidir leis an úsáideoir a oscailt amach nó a rolladh suas i bpáirt nó go hiomlán;

(q) oiriúnacht an tsínidh a chuirtear leis na tréimhsí le haghaidh infhaighteacht nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin;

(r) oiriúnacht an tsínidh a chuirtear leis an tréimhse chun páirteanna spártha a bheith ar fáil.

*Airteagal 9*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2023/826**

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 mar a leanas:

I bpointe 3 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'trealamh eile chun fuaim nó íomhánna a thaifeadadh nó a atáirgeadh, lena n-áirítear comharthaí nó teicneolaíochtaí eile chun fuaim agus íomhá a sheoladh seachas trí theileachumarsáid, ach gan taispeántais leictreonacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2021 agus teilgeoirí ina bhfuil meicníochtaí chun na lionsaí a mhalartú le lionsaí eile a bhfuil fad fócasach éagsúil iontu a áireamh':

'trealamh eile chun fuaim nó íomhánna a thaifeadadh nó a atáirgeadh, lena n-áirítear comharthaí nó teicneolaíochtaí eile chun fuaim agus íomhá a sheoladh seachas trí theileachumarsáid, ach gan taispeántais leictreonacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2021, fóin shiúil a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1669, agus teilgeoirí ina bhfuil meicníochtaí chun na lionsaí a mhalartú le lionsaí eile a bhfuil fad fócasach éagsúil iontu a áireamh.'

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 20 Meitheamh 2025 Beidh feidhm ag Airteagal 6 ón 20 Meán Fómhair 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Sainmhínithe is infheidhme maidir leis na hIarscríbhinní**

(1) ciallaíonn 'fuireachas líonraithe' fuireachas líonraithe de réir bhrí Airteagal 2(10) de Rialachán (CE) Uimh (AE) 2023/826;

(2) Is é '$P_n$' an t-ídiú cumhachta i mód fuireachais líonraithe, arna shloinneadh in Vatanna agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil;

(3) ciallaíonn 'páirt spártha' páirt ar leithligh ar féidir léi an fheidhm chéanna nó an fheidhm chomhchosúil i bhfón póca, fón siúil nó i ríomhaire táibléid a chur in ionad páirte. Déantar feidhmiúlacht an fhóin póca, an fhóin siúil nó an ríomhaire táibléid a athchóiriú nó a uasghrádú nuair a chuirtear páirt spártha in ionad na páirte. Féadfar páirteanna spártha a bheith ina bpáirteanna úsáidte;

(4) ciallaíonn 'páirt srathaithe' páirt a bhfuil cód uathúil aici a phéireáiltear le haonad aonair gairis agus ar gá an pháirt spártha sin a phéireáil leis an ngaireas trí bhíthin cód bogearraí chun lánfheidhmiúlacht na páirte spártha agus an ghairis a áirithiú;

(5) ciallaíonn 'deisitheoir gairmiúil' oibreoir nó gnóthas a dheisíonn fóin phóca, fóin siúil nó ríomhairí táibléid agus a dhéanann iad a chothabháil ar bhonn gairmiúil mar sheirbhís nó d'fhonn an gaireas deisithe a athdhíol ina dhiaidh sin;

(6) ciallaíonn 'ceanglóir' gaireas crua-earraí nó substaint lena nasctar nó lena ndaingnítear dhá réad nó dhá pháirt nó dhá phíosa nó níos mó go meicniúil, go maighnéadach nó ar bhealaí eile. Gaireas crua-earraí a bhfuil feidhm leictreach leis de bhreis air sin, measfar gur ceanglóir é;

(7) ciallaíonn 'ceanglóir riachtanach' aon cheanglóir nach mór é a dhíchóimeáil de réir na dtreoracha deisithe a sholáthraíonn monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe chun go bhfaighidh siad rochtain ar pháirt a mbeartaítear páirt spártha a chur ina hionad;

(8) ciallaíonn 'ceanglóir in-athúsáidte' ceanglóir is féidir a athúsáid go hiomlán san athchóimeáil chun na críche céanna agus nach ndéanann aon damáiste don táirge ná don cheanglóir féin le linn an díchóimeála nó an phróisis athchóimeála ar bhealach a fhágann nach féidir iad a athúsáid níos mó ná uair amháin;

(9) ciallaíonn 'ceanglóir athsholáthartha' ceanglóir inbhainte a sholáthraítear gan aon chostas breise leis an bpáirt spártha a bhfuil sé beartaithe aige a nascadh nó a dhaingniú; measfar gur ceanglóirí athsholáthartha iad greamacháin má sholáthraítear an pháirt spártha dóibh i gcainníocht atá leordhóthanach i gcomhair na hathchóimeála, gan aon chostas breise;

(10) ciallaíonn 'ceanglóir inbhainte' ceanglóir nach ceanglóir in-athúsáide é, ach nach ndéanann damáiste don táirge nó go bhfágfar iarmhar lena gcoisctear athchóimeáil;

(11) ciallaíonn 'ceallra' aon pháirt de chomhdhéanamh cille ceallra amháin nó roinnt ceall ceallra, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, ciorcadra leictreonach a bhfuil braiteoirí ann a bhaineann le ceallraí agus ar le haghaidh bainistíocht ceallraí iad, cásálacha, tráidire ceallra, bracanna, díonadh, ábhair comhéadain teirmigh, agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(12) ciallaíonn cumhdach cúil' nó 'cóimeáil chumhdaigh cúil' cásáil an phríomhchúil, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge: an fráma, ciseal cumhdaigh ar chúl ceangailte leis an bpríomhcheap cúil, cumhdaigh lionsa an cheamara cúil, aeróga clóite nó plátáilte, bracanna, sciatha, gaiscéid, naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas agus ábhair chomhéadain theirmigh;

(13) ciallaíonn 'micreafón cúnta' micreafón nach bhfuil fíor-riachtanach le haghaidh comharthaí gutha úsáideoirí, ach a sholáthraíonn feidhmeanna tánaisteacha, amhail laghdú torainn chomhthimpeallaigh, gan a bheith teoranta dó sin;

(14) ciallaíonn 'cóimeáil cheamara éadain' aon pháirt de chomhdhéanamh ceamara amháin nó roinnt ceamaraí atá dírithe ar úsáideoir an ghairis, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge:

(a) comhpháirteanna ceamara agus braiteoirí gaolmhara;

(b) comhpháirteanna tóirse;

(c) comhpháirteanna optúla;

(d) comhpháirteanna meicniúla a bhfuil gá leo le haghaidh feidhmeanna amhail cobhsú íomhánna agus fócas;

(e) cásáil/cásalacha modúil;

(f) bracanna;

(g) sciatha;

(h) soilse comhartha;

(i) micreafóin chúnta;

(j) naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(15) ciallaíonn 'cóimeáil cheamara cúil' aon pháirt de chomhdhéanamh ceamara amháin nó roinnt ceamaraí atá dírithe ar chúl an ghairis, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge:

(a) comhpháirteanna ceamara agus braiteoirí gaolmhara;

(b) comhpháirteanna tóirse;

(c) comhpháirteanna optúla;

(d) comhpháirteanna meicniúla a bhfuil gá leo le haghaidh feidhmeanna amhail cobhsú íomhánna agus fócas;

(e) cásáil/cásalacha modúil;

(f) bracanna;

(g) sciatha;

(h) micreafóin chúnta;

(i) naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(16) ciallaíonn 'nascóir fuaime seachtraí' nascóir le haghaidh comharthaí fuaime lena gceangal le fearas cinn nó le callairí nó le gaireas fuaime comhchosúil, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, bracanna, gaiscéid agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(17) ciallaíonn 'port luchtaithe seachtrach' port le haghaidh ceallra a luchtú trí shreang, ar port é a d'fhéadfadh a bheith in úsáid freisin le haghaidh sonraí a mhalartú agus gaireas eile a luchtú droim ar ais, ar de chomhdhéanamh ghabhdáin USB-C agus cásála gaolmhaire é, a n-áirítear leis, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, bracanna, gaiscéid agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(18) ciallaíonn 'cnaipe meicniúil' lasc meicniúil nó cóimeáil de lasca meicniúla atá in-íslithe nó cnaipe sleamhnáin ar féidir é a bhogadh ar bhonn meicniúil chun feidhmeanna amhail airde fuaime, an ceamara a spreagadh, nó an gaireas a chur ar siúl nó a mhúchadh agus a n-áirítear leis sin, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, bracanna, gaiscéid agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(19) ciallaíonn 'micreafón príomhúil nó micreafóin phríomhúla' micreafón nó micreafóin a bheartaítear le haghaidh comharthaí gutha an úsáideora lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, bracanna, gaiscéid agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(20) ciallaíonn 'callaire' aon challaire agus aon pháirt mheicniúil, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann leis an múnla táirge, cásáil nó cásálacha modúil, gaiscéid agus naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(21) ciallaíonn 'cóimeáil inse' páirt lenar féidir gaireas a fhilleadh agus a shláine oibríochtúil á chaomhnú i gcomhthráth, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cásálacha modúil;

(22) ciallaíonn 'meicníocht fhilleadh meicniúil an scáileáin taispeána' páirt lena gcumasaítear gaireas, lena n-áirítear a scáileán taispeána, chun a bheith fillte, trí bhíthin páirte nó cóimeála, agus a shláine oibríochtúil á chaomhnú i gcomhthráth;

(23) ciallaíonn 'luchtaire' soláthar cumhachta seachtrach chun an ceallra fóin póca, fóin gan sreang nó ríomhaire táibléid atá cheallra-chumhachtaithe a luchtú agus chun cumhacht leictreach a sholáthar dóibh;

(24) Ciallaíonn 'tráidire SIM agus tráidire cárta cuimhne' tráidire inaistrithe le haghaidh cárta SIM nó cárta cuimhne inbhainte;

(25) ciallaíonn 'cóimeáil taispeána' cóimeáil an aonaid taispeána, agus, i gcás inarb ábhartha, cóimeáil aonaid digiteora an phainéil tosaigh, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le múnla an táirge:

(a) cúlphláta;

(b) sciathadh;

(c) fráma an taispeána;

(d) aonaid cúlsolais;

(e) ciorcadra leictreonaice lena n-áirítear:

(i) tiománaí taispeána ach gan feidhmiúlacht an aonaid phríomhúil próiseála grafaicí;

(ii) rialaitheoirí sraitheanna agus colún;

(iii) ciorcadra comhartha tadhaill;

(iv) naisc leictreacha le cóimeálacha eile den ghaireas;

(26) ciallaíonn 'scragall cosanta le haghaidh scáileáin taispeána infhillte' scannán cosanta a ceapadh le bheith ceangailte le scáileán gairis infhillte chun iontaofacht a fheabhsú agus ídiú meicniúil dhromchla an scáileáin a laghdú;

(27) ciallaíonn 'suíomh gréasáin saor rochtana' suíomh gréasáin ar féidir rochtain a fháil air gan a bheith faoi iallach íoc aisti, nó faisnéis phearsanta a sholáthar lena n-áirítear seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin;

(28) ciallaíonn 'anailís teipe' an próiseas trína mbailítear sonraí agus trína ndéantar anailísiú orthu chun páirt fóin póca, fóin gan sreang nó ríomhaire táibléid is cúis le mífheidhm a shainaithint;

(29) ciallaíonn 'cumhdach cosanta ar leithligh' cumhdach cosanta a fhéadfar a sheoladh le fón póca, fón gan sreang, nó ríomhaire táibléid, ach nach bhfeidhmíonn mar pháirt riachtanach den chásáil agus nach meastar mar dhlúthchuid den táirge;

(30) ciallaíonn 'criptiúchán' an trasfhoirmiú (inchúlaithe) a dhéanann algartam cripteagrafach ar shonraí chun rúntéacs a tháirgeadh, eadhon chun ábhar fhaisnéis na sonraí a chur i bhfolach;

(31) ciallaíonn 'eochair' seicheamh de shiombailí lena rialaítear oibríocht trasfhoirmithe chripteagrafaigh (e.g., rúnscríobh, rúnscaoileadh);

(32) ciallaíonn 'díchóimeáil' próiseas trína scartar táirge ina bpáirteanna nó ina gcomhpháirteanna ar bhealach ina bhféadfaí é a athchóimeáil agus é a dhéanamh oibríochtúil ina dhiaidh sin;

(33) ciallaíonn 'córas' oibriúcháin' bogearraí réamhshuiteáilte de chineál ginearálta lena rialaítear cur i gcrích clár agus a d'fhéadfadh seirbhísí amhail leithdháileadh acmhainní, sceidealú, rialú ionchuir-aschuir agus bainistíocht sonraí a sholáthar; bíonn sé faoi réir nuashonruithe rialta de ghnáth as a dtiocfaidh bunú raon leaganacha móra agus mionleaganacha; áirítear ann aon fheidhmchlár bogearraí réamhshuiteáilte nach bhfuil sé ar chumas an úsáideora iad a dhíshuiteáil;

(34) ciallaíonn 'nuashonrú slándála' nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin, lena n-áirítear paistí slándála, más ábhartha iad le haghaidh gaireas ar leith, a bhfuil sé de phríomhchuspóir ag an ngaireas sin slándáil fheabhsaithe a sholáthar le haghaidh an ghairis;

(35) ciallaíonn 'nuashonrú ceartaitheach' nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin, lena n-áirítear paistí ceartaitheacha, arb é is cuspóir dóibh ceartúcháin a sholáthar d'fhabhtanna, d'earráidí nó do mhífheidhmeanna sa chóras oibriúcháin;

(36) ciallaíonn 'nuashonrú feidhmiúlachta' nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin arb é an príomhchuspóir atá leis feidhmiúlachtaí nua a chur chun feidhme;

(37) ciallaíonn 'toilleadh ainmniúil' an méid leictreachais arna dhearbhú ag an monaróir is féidir le ceallra a sheachadadh le linn tréimhse 5 uair an chloig nuair a dhéantar é a thomhas faoi dhálaí sonraithe, arna shloinneadh ina n-uaireannta miollaimpéir (mAh);

(38) ciallaíonn 'buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta' méid na dtimthriallta luchtaithe/urscaoilte is féidir le ceallra a sheasamh go dtí go mbeidh 80 % dá thoilleadh ainmniúil de leictreachas in-úsáidte sroichte, arna shloinneadh i dtimthriallta;

(39) ciallaíonn 'staid luchta' an toilleadh atá ar fáil i gceallra arna shloinneadh mar chéatadán den toilleadh ainmniúil;

(40) ciallaíonn 'staid sláinte' léiriú ar an mbail ghinearálta ar cheallra in-athluchtaithe agus ar an acmhainn atá ann an fheidhmíocht shonraithe a sheachadadh i gcomparáid leis an mbail a bhí air ar dtús, arna shloinneadh mar an toilleadh iomlán luchtaithe atá fágtha i gcoibhneas leis an toilleadh rátaithe in %;

(41) ciallaíonn 'córas bainistíochta ceallra' gaireas leictreach lena rialaítear nó lena mbainistítear feidhmeanna leictreacha agus teirmeacha an cheallra, lena mbainistítear agus lena stóráiltear na sonraí maidir leis na paraiméadair le haghaidh dáta mhonaraíocht an cheallra, dáta chéad úsáid an cheallra, méid na dtimthriallta luchtaithe/urscaoilte, staid sláinte an cheallra agus lena ndéantar cumarsáid leis an táirge ina bhfuil an ceallra ionchorpraithe;

(42) ciallaíonn 'an toilleadh atá fágtha' an toilleadh a bhíonn ann nuair a bhíonn an ceallra ag buaicphointe a fheidhmithe i gcónaí agus an toilleadh á thomhas i gcoibhneas leis an toilleadh a bhí ann nuair a bhí an táirge nua;

(43) ciallaíonn 'luchtú cliste' próifíl oiriúnaitheach luchtaithe ceallra atá bunaithe ar algartaim a bheith ag foghlaim ó iompar úsáideoirí chun barr feabhais a chur ar an bpróifíl luchtaithe ó thaobh éifeacht theorantach shaolré an cheallra a laghdú;

(44) ciallaíonn '$R_{cyc}$' an ráta in-athchúrsáilte, arna shloinneadh in %;

(45) ciallaíonn 'rátáil cosanta iontrála' méid na cosanta arna sholáthar ag iatán in aghaidh dul isteach ábhar soladach coimhthíoch agus/nó méid na cosanta in aghaidh dul isteach uisce, arna thomhas de réir modhanna tástála caighdeánaithe agus arna shloinneadh le córas códaithe chun méid na cosanta sin a léiriú;

(46) ciallaíonn 'dáta chur ar an margadh' an dáta a chuirtear an chéad aonad de mhúnla táirge ar an margadh;

(47) ciallaíonn 'dáta thógáil as an margadh' an dáta a chuirtear an t-aonad deireanach de mhúnla táirge ar an margadh;

(48) ciallaíonn 'scriosadh slán na heochrach criptiúcháin' glanadh éifeachtach na heochrach criptiúcháin arna úsáid chun sonraí a chriptiú agus a dhíchriptiú, agus an eochair á forscríobh ina hiomláine sa chaoi is nach féidir rochtain a fháil a thuilleadh ar an eochair bhunaidh ná ar pháirteanna di;

(49) ciallaíonn 'uirlis dhílseánach' uirlis nach bhfuil ar fáil lena ceannach ag an bpobal i gcoitinne nó uirlis nach bhfuil aon phaitinn is infheidhme ar fáil ar cheadúnas ina leith faoi théarmaí réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha;

(50) ciallaíonn 'uirlisí bunúsacha' scriúire le haghaidh cinn sliotánacha, scriúire le haghaidh scriúnna cros-chuais, scriúire le haghaidh cinn de chuas heicsea-mhaotháiníneach, eochair heicseagánach le haghaidh soicéid, rinse teaglama, greamairí teaglama, greamairí teaglama le haghaidh baint sreinge agus rocáil teirminéil, greamairí leath shoc-chiorclacha, gearrthóirí trasnánacha, greamairí ilghreamanna, greamairí glasála, luamhán bogtha, pionsúirín, gloine formhéadúcháin, uirlis slaite agus piocóid;

(51) ciallaíonn 'uirlis atá ar fáil ar bhonn tráchtála' uirlis atá ar fáil lena cheannach ag an bpobal i gcoitinne ach nach uirlis bhunúsach ná uirlis dhílseánach í;

(52) ciallaíonn 'timpeallacht atá coibhéiseach le timpeallacht an táirgthe' timpeallacht atá inchomparáide leis an timpeallacht inar monaraíodh táirge;

(53) ciallaíonn 'timpeallacht úsáide' timpeallacht ina bhfuil an táirge in úsáid;

(54) ciallaíonn 'timpeallacht ceardlainne' timpeallacht nach timpeallacht úsáide ná timpeallacht atá coibhéiseach le timpeallacht an táirgthe í, agus áit a n-úsáidtear innealra agus/nó uirlisí faoi dhálaí rialaithe de réir mar is oiriúnach do na gníomhaíochtaí deisithe;

(55) ciallaíonn 'ginearálaí' duine a bhfuil eolas ginearálta aige ar theicnící bunúsacha agus réamhchúraimí sábháilteachta;

(56) ciallaíonn 'gnáthdhuine' duine nach bhfuil aon taithí shonrach aige maidir le deisiúchán ná aon cháilíocht a bhaineann leis sin;

(57) ciallaíonn 'luachanna fógartha' na luachanna a sholáthair an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe le haghaidh na bparaiméadar teicniúil atá luaite, ríofa nó tomhaiste i gcomhréir le hAirteagal 4, le haghaidh fíorú comhlíontachta ag údaráis na mBallstát;

(58) ciallaíonn 'staid bhreisithe go hiomlán' staid an ghairis ina ndéantar páirteanna sochorraithe mar atá beartaithe lena n-úsáid, amhail taispeáintí agus méarchláir, a nochtadh, a shnámhadh ar oscailt nó a leathnú ar an gcaoi chéanna ionas go ndéantar an t-achar réamh-mheasta a mhaireann leithead a uasmhéadú.

*IARSCRÍBHINN II*

## Ceanglais éicidhearthóireachta

### A. FÓIN PHÓCA SEACHAS FÓIN CHLISTE

### 1. CEANGLAIS MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ

### 1.1. Dearadh le haghaidh deisiúcháin agus athúsáide

(1) Infhaighteacht páirteanna spártha:

(a) Ón 20 Meitheamh 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, cuirfidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad, nuair is ann dóibh:

(i) ceallra nó ceallraí;

(ii) cóimeáil ceamara éadain;

(iii) cóimeáil ceamara cúil;

(iv) nascóir(í) fuaime seachtrach(a);

(v) po(i)rt luchtaithe seachtrach(a);

(vi) cnaip(í) meicniú(i)l(a);

(vii) príomh-mhicreafó(i)n;

(viii) callair(e)(í);

(ix) cóimeáil insí;

(x) meicníocht fhilleadh meicniúil an scáileáin taispeána.

(b) Páirteanna spártha a mbaineann pointí (a) agus (c) leo, cóimeálacha a bheidh iontu nach mbeidh níos mó ná ceann amháin de na cineálacha páirteanna spártha a liostaítear ina chuid díobh, lena n-áirítear na heisceachtaí seo a leanas:

(i) féadfaidh micreafóin a bheith ina bpáirt de challaire nó de chóimeáil poirt luchtaithe sheachtraigh;

(ii) féadfar nascóirí fuaime seachtracha a chomhcheangal leis na poirt luchtaithe sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iii) féadfar poirt luchtaithe sheachtracha a chomhcheangal leis na nascóirí fuaime seachtracha nó leis na poirt sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iv) féadfaidh cóimeáil insí a bheith ina cuid de mheicníocht fhilleadh meicniúil an aonaid taispeána;

(v) Féadfar micreafón, callairí, cnaipí agus nascóirí seachtracha a chomhcheangal le cóimeáil ardleibhéil má chomhlíontar na ceanglais iontaofachta seo a leanas:

— tá friotaíocht timthrialla dúnta teagmhála ag an gcnaipe cumhachta ≥225 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthrialla dúnta teagmhála ag an gcnaipe fuaime ≥100 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthrialla ionsáite/astarraingthe ag an nascóir luchtaithe ≥12 000 timthriall.

(c) Ón 20 Meitheamh 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí:

(i) déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad:

(a) ceallra nó ceallraí;

(b) cumhdach cúil nó cóimeáil an chumhdaigh cúil, má bhíonn sé le baint go hiomlán chun an ceallra a athsholáthar;

(c) scragall cosanta le haghaidh scáileáin taispeána infhillte;

(d) cóimeáil scáileáin taispeána;

(e) luchtaire, mura gcomhlíonann an gaireas Airteagal 3(4) de Threoir 2014/53/AE ([1]);

(f) Tráidire SIM agus tráidire cárta cuimhne, más ann do shliotán seachtrach le haghaidh tráidire SIM nó tráidire cárta cuimhne.

(ii) ní fhéadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an ceallra nó na ceallraí dá dtagraítear i bpointe (i)(a) a sholáthar ach amháin do dheisitheoirí gairmiúla má áirithíonn monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil toilleadh atá fágtha de 83 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil ag an gceallra, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, tar éis 500 timthriall iomlán luchtaithe;

(b) bainfidh buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta méid íosta 1 000 timthriall iomlán luchtaithe amach agus tar éis 1 000 timthriall iomlán luchtaithe, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, beidh toilleadh atá fágtha de 80 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil aige;

(c) comhlíonann an gléas rátáil IP67.

(d) Ón 20 Meitheamh 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh liosta na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointí (a) agus (c) agus an nós imeachta maidir lena n-ordú ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí deireadh thréimhse infhaighteachta na bpáirteanna spártha sin;

(2) Rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil

(a) Ón 20 Meitheamh 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, go dtí 7 mbliana tar éis an dáta a tógadh as an margadh é, rochtain ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla maidir le páirteanna a cumhdaíodh faoi phointí 1(a) agus (c) sna coinníollacha seo a leanas, mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) Taispeánfar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe an próiseas clárúcháin le haghaidh deisitheoirí gairmiúla chun rochtain a fháil ar fhaisnéis; chun glacadh le hiarraidh den sórt sin, féadfaidh na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na hionadaithe údaraithe a éileamh ar an deisitheoir gairmiúil na nithe seo a leanas amháin a léiriú:

(i) go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag an deisitheoir gairmiúil fóin siúil seachas fóin chliste a dheisiú agus go gcomhlíonann sé na rialacháin is infheidhme maidir le deisitheoirí trealaimh leictrigh sna Ballstáit ina n-oibríonn sé. Glacfar le tagairt do chóras oifigiúil um chlárúchán mar dheisitheoir gairmiúil, i gcás inarb ann do chóras den sórt sin sna Ballstáit lena mbaineann, mar chruthúnas ar chomhlíontacht an phointe seo;

(ii) go bhfuil an deisitheoir gairmiúil cumhdaithe faoi árachas lena gcumhdaítear dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíocht, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé seo á éileamh ag an mBallstát;

(b) Glacfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe leis an gclárú nó déanfaidh siad é a dhiúltú laistigh de 5 lá oibre ó dháta na hiarrata. I gcás ina ndiúltófar é, soláthrófar réasún soiléir don iarrthóir ina leagfar amach na cúiseanna atá taobh thiar den chinneadh sin, a ndéanfar é a chúlghairm, má iarrann an deisitheoir gairmiúil sin go gclárófar é le faisnéis nuashonraithe, a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain a dheonú;

(c) Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe táillí réasúnacha agus comhréireacha a ghearradh as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó as nuashonruithe tráthrialta a fháil ar an bhfaisnéis sin. Soláthrófar an clárú dó sin saor in aisce. Measfar táille a bheith réasúnach go háirithe mura gcuireann sé in aghaidh rochtana toisc nach gcuirtear san áireamh a mhéid a úsáideann an deisitheoir gairmiúil an fhaisnéis;

(d) Nuair a chláraítear é, beidh rochtain ag deisitheoir gairmiúil, laistigh de 1 lá oibre amháin tar éis dó í a iarraidh, ar an bhfaisnéis a d’iarr sé faoi dheisiú agus faoi chothabháil. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh múnla comhionann nó le haghaidh múnla den fhine chéanna, más ábhartha;

([1]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

(e) Áireofar san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil dá dtagraítear i bpointe (a) an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(a) agus (c) a ionadú agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh inti:

(i) sainaithint aonchiallach an táirge;

(ii) léarscáil díchóimeála nó scar-amharc;

(iii) léaráidí sreangaithe agus naisc, de réir mar is gá le haghaidh anailís teipe;

(iv) léaráidí cláir leictreonaigh;

(v) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;

(vi) lámhleabhar teicniúil treoracha le haghaidh deisiúcháin, lena n-áirítear na céimeanna aonair a mharcáil;

(vii) faisnéis faoi fhabhtanna diagnóiseacha agus faoi earráidí diagnóiseacha (lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir, i gcás inarb infheidhme);

(viii) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (e.g. íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(ix) treoracha le haghaidh bogearraí agus dochtearraí (lena n-áirítear bogearraí athshocraithe);

(x) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an ngaireas, i gcás inarb infheidhme, cé is móite d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta amhail faisnéis iompair agus suímh a bhaineann leis an úsáideoir;

(xi) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar dheisiú gairmiúil, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin idirlín, seoltaí agus sonraí teagmhála deisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2 (a) agus (b);

(f) Gan dochar do chearta maoine intleachtúla, ceadófar do thríú páirtithe faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil gan athrú a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe ar dtús agus a chumhdaítear le pointe (e) a úsáid agus a fhoilsiú a luaithe a chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe deireadh le rochtain ar an bhfaisnéis sin tar éis dheireadh na tréimhse rochtana ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.

(b) Ón 20 Meitheamh 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh treoracha deisiúcháin agus faisnéis faoi chothabháil le haghaidh na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointe 1 (c) ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad. Beidh an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(c) a athsholáthar san fhaisnéis sin.

(3) Am seachadta uasta páirteanna spártha

(a) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(i) le linn na chéad 5 bliana den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 5 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil;

(ii) le linn an 2 bhliain atá fágtha den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 10 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil.

(b) I gcás páirteanna spártha a mbaineann pointe 1(a) leo, féadfar infhaighteacht páirteanna spártha a theorannú do dheisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointe 2(a) agus (b).

(4) Faisnéis faoi phraghas na bpáirteanna spártha

Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe praghsanna réamhchánach táscacha, in euro ar a laghad, le haghaidh páirteanna spártha a liostaítear i bpointí 1(a) agus (c), lena n-áirítear praghas réamhchánach ceanglóirí agus uirlisí, má sholáthraítear leis an bpáirt spártha iad, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe.

(5) Ceanglais díchóimeála

Comhlíonfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na ceanglais díchóimeála seo a leanas:

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar chóimeáil an scáileáin taispeána agus na bpáirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(a), cé is móite den cheallra nó de na ceallraí, na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:

— gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— le huirlisí atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh i dtimpeallacht cheardlainne;

(iv) beidh ginearálaí in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh.

(b) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar páirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(c), cé is móite den cheallra nó de na ceallraí, na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht úsáide;

(iv) beidh gnáthdhuine in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(c) Ón 20 Meitheamh 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na nithe seo a leanas maidir leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar ceallraí:

(i) comhlíonfar na critéir seo a leanas:

— beidh ceanglóirí athsholáthartha nó in-athúsáide;

— beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht úsáide;

— beidh gnáthdhuine in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(ii) nó, mar mhalairt ar phointe (i), déanfaidh siad an méid seo a leanas a áirithiú:

— comhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar ceallraí na critéir a leagtar amach in (a);

— tar éis 500 timthriall iomlán luchtaithe ní mór don cheallra, ina theannta sin, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, toilleadh atá fágtha de 83 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil a bheith aige;

— bainfidh buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta méid íosta 1 000 timthriall iomlán luchtaithe amach, agus tar éis 1 000 timthriall iomlán luchtaithe ní mór don cheallra, ina theannta sin, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, toilleadh atá fágtha de 80 % ar a laghad den toilleadh rátaithe a bheith aige;

— beidh an gaireas deannach dhíonach ar a laghad agus cosanta ar thumadh in uisce suas le doimhneacht 1 mhéadar ar feadh íosmhéid de 30 nóiméad.

(6) Ceanglais maidir le hullmhúchán i gcomhair athúsáide

Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go bhfuil feidhm bhogearra ag gairis, a athshocraíonn an gaireas chuig a shocruithe monarchan agus a léirscriosann gach faisnéis phearsanta lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don leabhar seoltaí, teachtaireachtaí téacs, pictiúir, físeáin, socruithe agus an stair glaonna go sábháilte de réir réamhshocraithe.

1.2. **Dearadh le haghaidh iontaofachta**

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Friotaíocht in aghaidh titimí de thaisme: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go n-éireoidh leis na gairis teacht slán as 45 titim gan aon scragall cosanta nó clúdach cosanta ar leithligh orthu, cé is móite d'fhóin phóca infhillte nach fóin chliste iad atá deartha lena n-úsáid le scrogall cosanta ar an taispeáint infhillte, de réir an nós imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn III, gan aon fheidhmíocht a chailleadh; i gcás fóin phóca infhillte nach fóin chliste iad atá deartha lena n-úsáid le scragall cosanta ar an taispeáint infhillte, gheobhaidh siad pas nuair a dhéanfar 35 thitim sa staid neamhbhreisithe agus 15 thitim sa staid bhreisithe, gan aon fheidhmiúlacht a chailleadh, de réir an nós imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a thástáiltear leis an scragall cosanta.

(2) Friotaíocht in aghaidh scríobtha: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go n-éireoidh le scáileán an ghairis leibhéal cruais 4 ar scála cruais Mohs a bhaint amach, cé is móite d'fhóin phóca infhillte nach fóin chliste iad atá deartha lena n-úsáid le scragall cosanta ar an scáileán taispeána infhillte.

(3) Cosaint ar dheannach agus ar uisce: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go ndéanfar na gairis a chosaint ar ábhair sholadacha choimhthíocha atá níos mó ná 1 mhilliméadar ar mhéid a bheith ag dul isteach sa ghaireas agus ar stealladh uisce.

(4) Buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go mbainfidh na gairis 500 timthriall ar a laghad amach ag toilleadh atá fágtha de 80 %, a bheidh le tástáil faoi choinníollacha luchtaithe i gcás ina bhfuil an ráta luchtaithe teoranta ag an gcóras bainistíochta ceallra agus ní ag cumais seachadta cumhachta an tsoláthair cumhachta.

(5) Bainistíocht ceallra:

(i) áireoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe gné luchtaithe roghnach a fhéadfaidh an t-úsáideoir a roghnú a chuireann deireadh leis an bpróiseas luchtaithe go huathoibríoch, nuair a luchtaítear an ceallra go 80 % dá thoilleadh iomlán. Nuair a chumasaítear an ghné sin, féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an gaireas a chumasú chun an ceallra a luchtú go hiomlán agus go tréimhsiúil chun meastacháin chruinne ar staid luchtaithe na gceallraí a choinneáil. Cuirfear an t-úsáideoir ar an eolas go huathoibríoch agus an gléas á luchtú den chéad uair nó le linn an phróisis suiteála, gur féidir tréimhse saoil na ceallraí a shíneadh má roghnaítear an ghné agus mura luchtaítear an ceallra go rialta ach ar 80 % dá thoilleadh iomlán;

(ii) soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe gné bainistithe cumhachta, a áiritheoidh de réir réamhshocraithe nach soláthrófar aon chumhacht luchtaithe bhreise don cheallra a luaithe a bheidh an ceallra lánluchtaithe ach amháin má thiteann an leibhéal luchtaithe faoi bhun 95 % dá thoilleadh luchtaithe uasta.

(6) Nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin:

(a) ón dáta a chuirtear an táirge ar an margadh go dtí 5 bliana ar a laghad tar éis an dáta sin, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, má sholáthraíonn siad nuashonruithe slándála, nuashonruithe ceartúcháin nó nuashonruithe feidhmiúlachta ar chóras oibriúcháin, nuashonruithe den sórt sin a chur ar fáil gan aon chostas d'aonaid uile múnla táirge a bhfuil an córas oibriúcháin céanna acu;

(b) beidh feidhm ag an gceanglas dá dtagraítear i bpointe (a) maidir le nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin a thairgeann monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go deonach agus maidir le nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin a sholáthraítear chun dlí an Aontais a chomhlíonadh;

(c) ní mór nuashonruithe slándála nó ceartúcháin a luaitear faoi phointe (a) a bheith ar fáil don úsáideoir 4 mhí ar a dhéanaí tar éis cód foinse de chuid nuashonraithe ar an mbun-chóras oibriúcháin a eisiúint go poiblí nó, mura n-eisítear an cód foinse go poiblí, tar éis don soláthraí córais oibriúcháin nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin céanna a eisiúint nó ar aon táirge eile den bhranda céanna;

(d) ní mór nuashonruithe feidhmiúlachta a luaitear faoi phointe (a) a bheith ar fáil don úsáideoir 6 mhí ar a dhéanaí tar éis cód foinse de chuid nuashonraithe ar an mbun-chóras oibriúcháin a eisiúint go poiblí nó, mura n-eisítear an cód foinse go poiblí, tar éis don soláthraí córais oibriúcháin nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin céanna a eisiúint nó ar aon táirge eile den bhranda céanna;

(e) féadfaidh nuashonrú ar chóras oibriúcháin nuashonruithe slándála, ceartúcháin agus feidhmiúlachta a chomhcheangal.

1.3. **Comhpháirteanna plaisteacha a mharcáil**

Ón 20 MEITHEAMH 2025, déanfar comhpháirteanna plaisteacha atá níos troime ná 50 g a mharcáil ach an cineál polaiméire a shonrú leis na siombailí caighdeánacha nó leis na téarmaí giorraithe iomchuí arna socrú idir na marcanna poncaíochta ‘>’ agus ‘<’ de réir mar a shonraítear sna caighdeáin atá ar fáil. Beidh an mharcáil inléite.

Beidh comhpháirteanna plaisteacha díolmhaithe ó cheanglais mharcála ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní féidir an mharcáil a dhéanamh mar gheall ar an gcruth nó ar an méid;

(ii) bheadh tionchar ag an marcáil ar fheidhmiú nó ar fheidhmiúlacht na comhpháirte plaistí;

(iii) ní féidir an mharcáil a dhéanamh go teicniúil mar gheall ar an modh múnlaithe.

I gcás na gcomhpháirteanna plaisteacha seo a leanas, ní éileofar aon mharcáil:

(i) pacáistiú, téip, lipéid agus cumhdaigh shoshínte;

(ii) sreangú, cáblaí agus nascóirí, páirteanna rubair agus aon chomhpháirt eile i gcás nach bhfuil a dhóthain achair dromchla iomchuí ar fáil ina leith chun go mbeadh an mharcáil ar mhéid inléite;

(iii) Cóimeálacha PCB, boird PMMA, comhpháirteanna súl, comhpháirteanna díluchtaithe leictreastataigh, comhpháirteanna trasnaíochta leictreamaighnéadaí, callairí;

(iv) páirteanna trédhearcacha i gcás ina gcuirfeadh an mharcáil bac ar fheidhm na páirte atá i gceist.

1.4. **Ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht**

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó a n-ionadaithe údaraithe an fhaisnéis díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar aon cheann de na comhpháirteanna táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, pointe 1, de Threoir 2012/19/AE a chur ar fáil, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana, gan dochar d’Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) seicheamh na gcéimeanna, na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar na comhpháirteanna spriocdhírithe.

(3) Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) ar fáil go dtí 15 bliana ar a laghad tar éis aonad deiridh múnla táirge a chur ar an margadh.

2. CEANGLAIS FAISNÉISE

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméadacht theicniúil agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí í ar shuíomhanna gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) comhoiriúnacht le cártaí cuimhne inbhainte, más ann dóibh;

(b) raon meáchain tháscaigh na n-amhábhar criticiúil seo a leanas agus ábhair atá ábhartha maidir leis an gcomhshaol:

(i) cóbalt sa cheallra (raon meáchain: níos lú ná 2 g, idir 2 g agus 5 g, os cionn 5 g);

(ii) tantalam i dtoilleoirí (raon meáchain: níos lú ná 0.05 g, idir 0.05 g agus 0.2 g, os cionn 0.2 g);

(iii) neoidimiam i gcallairí, i mótair chreathaidh agus i maighnéid eile (raon meáchain: níos lú ná 0.05 g, idir 0.05 g agus 0.2 g, os cionn 0.2 g);

(iv) ór i ngach comhpháirt (raon meáchain: níos lú ná 0.02 g, idir 0.02 g agus 0.1 g, os cionn 0.1 g).

(c) luach táscach an ráta in-athchúrsáilteachta $R_{cyc}$;

([2]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

(d) an céatadán táscach d'ábhar athchúrsáilte don táirge nó do chuid de, i gcás ina bhfuil sé ar fáil; mura bhfuil sé ar fáil, ba cheart an t-ábhar athchúrsáilte a léiriú mar 'ní fios' nó 'níl sé ar fáil';

(e) rátáil cosanta iontrála;

(f) buanseasmhacht íosta ceallraí i dtimthriallta i líon na dtimthriallta;

(g) i gcás gairis infhillte, tabharfar le fios nár 'Cuireadh an gaireas seo faoi thástáil frithsheasmhachta in aghaidh scríobtha'.

(2) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe treoracha úsáideora i bhfoirm lámhleabhar úsáideora ar shuíomh gréasáin saor-rochtana de chuid an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe. Áireofar leis na treoracha sin treoir maidir le cothabháil cheallra, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) tionchair ar shaolré an cheallra a bhaineann leis an ngaireas a nochtadh do theochtaí ardaithe, pátrúin fho-optamacha luchtaithe, luchtú tapa agus éifeachtaí díobhálacha eile atá ar eolas;

(ii) éifeachtaí a bhaineann le naisc raidió a mhúchadh, amhail WiFi agus Bluetooth, ar ídiú cumhachta;

(iii) faisnéis faoi cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn an gaireas le gnéithe eile a chuireann le saolré an cheallra, amhail luchtú cliste, agus faisnéis faoin gcaoi ina gcuirtear na gnéithe sin i ngníomh nó faisnéis faoi na coinníollacha is fearr a n-oibríonn siad fúthu.

(3) I gcás nach bhfuil luchtaire sa phacáiste, beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna treoracha d'úsáideoirí sin dá dtagraítear i bpointe 2: 'Ar chúiseanna comhshaoil níl luchtaire sa phacáiste seo. Is féidir an gaireas seo a luchtú le formhór na gcuibheoirí cumhachta USB agus cábla le plocóid USB Cineál-C'.

## B. **FÓIN CHLISTE**

### 1. CEANGLAIS MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ

### 1.1. **Dearadh le haghaidh deisiúcháin agus athúsáide**

(1) Infhaighteacht páirteanna spártha

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, cuirfidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad, nuair is ann dóibh:

(i) ceallra nó ceallraí;

(ii) cóimeáil ceamara éadain;

(iii) cóimeáil ceamara cúil;

(iv) nascóir(í) fuaime seachtrach(a);

(v) po(i)rt luchtaithe seachtrach(a);

(vi) cnaip(í) meicniú(i)l(a);

(vii) príomh-mhicreafó(i)n;

(viii) callair(e)(í);

(ix) cóimeáil insí;

(x) meicníocht fhilleadh meicniúil an scáileáin taispeána.

(b) Páirteanna spártha a mbaineann pointí (a) agus (c) leo, cóimeálacha a bheidh iontu nach mbeidh níos mó ná ceann amháin de na cineálacha páirteanna spártha a liostaítear ina chuid díobh, lena n-áirítear na heisceachtaí seo a leanas:

(i) féadfaidh micreafóin a bheith ina bpáirt de challaire nó de chóimeáil poirt luchtaithe sheachtraigh;

(ii) féadfar nascóirí fuaime seachtracha a chomhcheangal leis na poirt luchtaithe sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iii) féadfar poirt luchtaithe sheachtracha a chomhcheangal leis na nascóirí fuaime seachtracha nó leis na poirt sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iv) cóimeáil insí a d'fhéadfadh a bheith ina cuid de mheicníocht fhilleadh meicniúil an aonaid taispeána;

(v) Féadfar micreafón, callairí, cnaipí agus nascóirí seachtracha a chomhcheangal le cóimeáil ardleibhéil má chomhlíontar na ceanglais iontaofachta seo a leanas:

— comhlíonann an gléas rátáil IP67;

— tá friotaíocht timthrialla dúnta teagmhála ag an gcnaipe cumhachta ≥225 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthrialla dúnta teagmhála ag an gcnaipe fuaime ≥100 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthrialla ionsáite/astarraingthe ag an nascóir luchtaithe ≥12 000 timthriall.

(c) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí:

(i) déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad:

(a) ceallra nó ceallraí;

(b) cumhdach cúil nó cóimeáil an chumhdaigh cúil, má bhíonn sé le baint go hiomlán chun an ceallra a athsholáthar;

(c) scragall cosanta le haghaidh scáileáin taispeána infhillte;

(d) cóimeáil scáileáin taispeána;

(e) luchtaire, mura gcomhlíonann an gaireas Airteagal 3(4) de Threoir 2014/53/AE;

(f) Tráidire SIM agus tráidire cárta cuimhne, más ann do shliotán seachtrach le haghaidh tráidire SIM nó tráidire cárta cuimhne.

(ii) ní fhéadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an ceallra nó na ceallraí dá dtagraítear i bpointe (i)(a) a sholáthar ach amháin do dheisitheoirí gairmiúla má áirithíonn monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil toilleadh atá fágtha de 83 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil ag an gceallra, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, tar éis 500 timthriall iomlán luchtaithe;

(b) bainfidh buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta méid íosta 1 000 timthriall iomlán luchtaithe amach agus tar éis 1 000 timthriall iomlán luchtaithe, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, beidh toilleadh atá fágtha de 80 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil aige;

(c) comhlíonann an gléas rátáil IP67.

(d) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh liosta na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointí (a) agus (c) agus an nós imeachta maidir lena n-ordú ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí deireadh thréimhse infhaighteachta na bpáirteanna spártha sin.

(2) Rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, go dtí 7 mbliana tar éis an dáta a tógadh as an margadh é, rochtain ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla maidir le páirteanna a cumhdaíodh faoi phointí 1(a) agus (c) sna coinníollacha seo a leanas, mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) Taispeánfar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe an próiseas clárúcháin le haghaidh deisitheoirí gairmiúla chun rochtain a fháil ar fhaisnéis; chun glacadh le hiarraidh den sórt sin, féadfaidh na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na hionadaithe údaraithe a éileamh ar an deisitheoir gairmiúil na nithe seo a leanas amháin a léiriú:

(i) go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag an deisitheoir gairmiúil fóin chliste a dheisiú agus go gcomhlíonann sé na rialacháin is infheidhme maidir le deisitheoirí trealaimh leictrigh sna Ballstáit ina n-oibríonn sé. Glacfar le tagairt do chóras oifigiúil um chlárúchán mar dheisitheoir gairmiúil, i gcás inarb ann do chóras den sórt sin sna Ballstáit lena mbaineann, mar chruthúnas ar chomhlíontacht an phointe seo;

(ii) go bhfuil an deisitheoir gairmiúil cumhdaithe faoi árachas lena gcumhdaítear dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíocht, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé seo á éileamh ag an mBallstát;

(b) Glacfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe leis an gclárú nó déanfaidh siad é a dhiúltú laistigh de 5 lá oibre ó dháta na hiarrata. I gcás ina ndiúltófar é, soláthrófar réasún soiléir don iarrthóir ina leagfar amach na cúiseanna atá taobh thiar den chinneadh sin, a ndéanfar é a chúlghairm, má iarrann an deisitheoir gairmiúil sin go gclárófar é le faisnéis nuashonraithe, a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain a dheonú;

(c) Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe táillí réasúnacha agus comhréireacha a ghearradh as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó as nuashonruithe tráthrialta a fháil ar an bhfaisnéis sin. Soláthrófar an clárú dó sin saor in aisce. Measfar táille a bheith réasúnach go háirithe mura gcuireann sé in aghaidh rochtana toisc nach gcuirtear san áireamh a mhéid a úsáideann an deisitheoir gairmiúil an fhaisnéis;

(d) Nuair a chláraítear é, beidh rochtain ag deisitheoir gairmiúil, laistigh de 1 lá oibre amháin tar éis dó í a iarraidh, ar an bhfaisnéis a d'iarr sé faoi dheisiú agus faoi chothabháil. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh múnla comhionann nó le haghaidh múnla den fhine chéanna, más ábhartha;

(e) Áireofar san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil dá dtagraítear i bpointe (a) an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(a) agus (c) a ionadú agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh inti:

(i) sainaithint aonchiallach an táirge;

(ii) léarscáil díchóimeála nó scar-amharc;

(iii) léaráidí sreangaithe agus naisc, de réir mar is gá le haghaidh anailís teipe;

(iv) léaráidí cláir leictreonaigh;

(v) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;

(vi) lámhleabhar teicniúil treoracha le haghaidh deisiúcháin, lena n-áirítear na céimeanna aonair a mharcáil;

(vii) faisnéis faoi fhabhtanna diagnóiseacha agus faoi earráidí diagnóiseacha (lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir, i gcás inarb infheidhme);

(viii) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (e.g. íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(ix) treoracha le haghaidh bogearraí agus dochtearraí (lena n-áirítear bogearraí athshocraithe);

(x) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an ngaireas, i gcás inarb infheidhme, cé is móite d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta amhail faisnéis iompair agus suímh a bhaineann leis an úsáideoir;

(xi) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar dheisiú gairmiúil, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin idirlín, seoltaí agus sonraí teagmhála deisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2 (a) agus (b);

(f) Gan dochar do chearta maoine intleachtúla, ceadófar do thríú páirtithe faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil gan athrú a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe ar dtús agus a chumhdaítear le pointe (e) a úsáid agus a fhoilsiú a luaithe a chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe deireadh le rochtain ar an bhfaisnéis sin tar éis dheireadh na tréimhse rochtana ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh treoracha deisiúcháin agus faisnéis faoi chothabháil le haghaidh na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointe 1 (c) ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad. Beidh an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(c) a athsholáthar san fhaisnéis sin.

(3) Am seachadta uasta páirteanna spártha

(a) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(i) le linn na chéad 5 bliana den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 5 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil;

(ii) le linn an 2 bhliain atá fágtha den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 10 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil;

(b) I gcás páirteanna spártha a mbaineann pointe 1(a) leo féadfar infhaighteacht páirteanna spártha a theorannú do dheisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2(a) agus (b).

(4) Faisnéis faoi phraghas na bpáirteanna spártha

Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe praghsanna réamhchánach táscacha, in euro ar a laghad, le haghaidh páirteanna spártha a liostaítear i bpointí 1(a) agus (c), lena n-áirítear praghas réamhchánach ceanglóirí agus uirlisí, má sholáthraítear leis an bpáirt spártha iad, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe.

(5) Ceanglais díchóimeála

Comhlíonfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na ceanglais díchóimeála seo a leanas:

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar chóimeáil an scáileáin taispeána agus na bpáirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(a), cé is móite den cheallra nó de na ceallraí, na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:

— gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— le huirlisí atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh i dtimpeallacht cheardlainne;

(iv) beidh ginearálaí in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh.

(b) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar páirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(c), cé is móite den cheallra nó de na ceallraí, na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht úsáide;

(iv) beidh gnáthdhuine in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(c) Ón 20 Meitheamh 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na nithe seo a leanas maidir leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar ceallraí:

(i) comhlíonfar na critéir seo a leanas:

— beidh ceanglóirí athsholáthartha nó in-athúsáide;

— beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht úsáide;

— beidh gnáthdhuine in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(ii) nó, mar mhalairt ar phointe (i), déanfaidh siad an méid seo a leanas a áirithiú

— comhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar ceallraí na critéir a leagtar amach in (a);

— tar éis 500 timthriall iomlán luchtaithe ní mór don cheallra, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, toilleadh atá fágtha de 83 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil a bheith aige;

— bainfidh buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta méid íosta 1 000 timthriall iomlán luchtaithe amach, agus tar éis 1 000 timthriall iomlán luchtaithe ní mór don cheallra, ina theannta sin, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, toilleadh atá fágtha de 80 % ar a laghad den toilleadh rátaithe a bheith aige;

— beidh an gaireas deannach dhíonach ar a laghad agus cosanta ar thumadh in uisce suas le doimhneacht 1 mhéadar ar feadh íosmhéid de 30 nóiméad.

(6) Ceanglais maidir le hullmhúchán i gcomhair athúsáide

Ón 20 MEITHEAMH 2025, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(a) na sonraí úsáideora atá stóráilte i stóráil inmheánach an ghairis a chriptiú mar réamhshocrú agus eochair chriptithe randamach á húsáid;

(b) feidhm bhogearra a áireamh leo, a athshocraíonn an gaireas chuig a shocruithe monarchan agus a léirscriosann an eochair chriptithe go daingean de réir réamhshocraithe agus a ghineann ceann nua;

(c) na sonraí seo a leanas ón gcóras bainistíochta ceallra sna socruithe córais nó i suíomh eile a bhfuil rochtain ag úsáideoirí deiridh air a thaifeadadh:

(i) dáta mhonaraíocht an cheallra;

(ii) dáta chéad úsáid an cheallra tar éis don chéad úsáideoir an gaireas a shocrú;

(iii) líon na dtimthriallta luchtaithe/díluchtaithe iomlána (tagairt: toilleadh rátaithe);

(iv) staid sláinte tomhaiste (an toilleadh iomlán luchtaithe atá fágtha i gcoibhneas leis an toilleadh rátaithe in %).

(7) Athsholáthar páirteanna srathaithe

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na nithe seo a leanas ar feadh 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad:

(a) I gcás inar páirteanna srathaithe iad na páirteanna atá le cur ina n-ionad le páirteanna spártha dá dtagraítear i bpointe 1(a), rochtain neamh-idirdhealaitheach a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla ar aon uirlisí bogearraí nó dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla is gá chun lánfheidhmiúlacht na bpáirteanna spártha sin agus an ghairis ina suiteáiltear na páirteanna spártha sin a áirithiú le linn an athsholáthair agus ina dhiaidh;

(b) I gcás inar páirteanna srathaithe iad na páirteanna atá le cur ina n-ionad le páirteanna spártha dá dtagraítear i bpointe 1(c), rochtain neamh-idirdhealaitheach a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla agus d'úsáideoirí deiridh ar aon uirlisí bogearraí nó dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla is gá chun lánfheidhmiúlacht na bpáirteanna spártha sin agus an ghairis ina suiteáiltear na páirteanna spártha sin a áirithiú le linn an athsholáthair agus ina dhiaidh;

(c) Tuairisc ar an nós imeachta maidir le fógra agus údarú a thabhairt d'úinéir an ghairis dá dtagraítear i bpointe (d) maidir le hathsholáthar páirteanna srathaithe atá beartaithe a thabhairt ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe; ceadófar leis an nós imeachta an fógra agus an t-údarú a thabhairt go cianda;

(d) Sula soláthrófar rochtain ar na huirlisí bogearraí, ar na dochtearraí nó ar na modhanna cúnta comhchosúla dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), ní fhéadfaidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe a cheangal ach fógra agus údarú a bheith faighte aige maidir leis an gcuid atá beartaithe a ionadú ó úinéir an ghairis. Féadfaidh deisitheoir gairmiúil an fógra agus an t-údarú sin a sholáthar freisin le toiliú sainráite i scríbhinn ón úinéir;

(e) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe rochtain ar na huirlisí bogearraí, ar na dochtearraí nó ar na modhanna cúnta comhchosúla dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) laistigh de 3 lá oibre tar éis dóibh an iarraidh agus, i gcás inarb infheidhme, an fógra agus an t-údarú dá dtagraítear i bpointe (d) a fháil;

(f) Féadfar an rochtain ar na huirlisí bogearraí, ar na dochtearraí nó ar mhodhanna cúnta comhchosúla dá dtagraítear i bpointe (a), a mhéid a bhaineann le deisitheoirí gairmiúla, a theorannú do dheisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2(a) agus (b).

1.2. **Dearadh le haghaidh iontaofachta**

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Friotaíocht in aghaidh titimí de thaisme: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go n-éireoidh leis na gairis teacht slán as 45 titim gan aon scragall cosanta nó clúdach cosanta ar leithligh orthu, cé is móite d'fhóin atá deartha lena n-úsáid le scrogall cosanta ar an taispeáint infhillte, de réir an nós imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn III, gan aon fheidhmíocht a chailleadh; i gcás fóin phóca atá deartha lena n-úsáid le scragall cosanta ar an taispeáint infhillte, gheobhaidh siad pas nuair a dhéanfar 35 thitim sa staid neamhbhreisithe agus 15 thitim sa staid bhreisithe, gan aon fheidhmiúlacht a chailleadh, de réir an nós imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a thástáiltear leis an scragall cosanta.

(2) Friotaíocht in aghaidh scríobtha: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go n-éireoidh le scáileán an ghairis leibhéal cruais 4 ar scála cruais Mohs a bhaint amach, cé is móite d'fhóin chliste infhillte atá deartha lena n-úsáid le scragall cosanta ar an scáileán taispeána infhillte.

(3) Cosaint ar dheannach agus ar uisce: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go ndéanfar na gairis a chosaint ar ábhair sholadacha choimhthíocha atá níos mó ná 1 mhilliméadar ar mhéid a bheith ag dul isteach sa ghaireas agus ar stealladh uisce.

(4) Buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta: Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go mbainfidh na gairis 800 timthriall ar a laghad amach ag toilleadh atá fágtha de 80 %, a bheidh le tástáil faoi choinníollacha luchtaithe i gcás ina bhfuil an ráta luchtaithe teoranta ag an gcóras bainistíochta ceallra agus ní ag cumais seachadta cumhachta an tsoláthair cumhachta.

(5) Bainistíocht ceallra:

(i) áireoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe gné luchtaithe roghnach a fhéadfaidh an t-úsáideoir a roghnú a chuireann deireadh leis an bpróiseas luchtaithe go huathoibríoch, nuair a luchtaítear an ceallra go 80 % dá thoilleadh iomlán. Nuair a chumasaítear an ghné sin, féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an gaireas a chumasú chun an ceallra a luchtú go hiomlán agus go tréimhsiúil chun meastacháin chruinne ar staid luchtaithe na gceallraí a choinneáil. Cuirfear an t-úsáideoir ar an eolas go huathoibríoch agus an gléas á luchtú den chéad uair nó le linn an phróisis suiteála, gur féidir tréimhse saoil na ceallraí a shíneadh má roghnaítear an ghné agus mura luchtaítear an ceallra go rialta ach ar 80 % dá thoilleadh iomlán;

(ii) soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe gné bainistithe cumhachta, a áiritheoidh de réir réamhshocraithe nach soláthrófar aon chumhacht luchtaithe bhreise don cheallra a luaithe a bheidh an ceallra lánluchtaithe ach amháin má thiteann an leibhéal luchtaithe faoi bhun 95 % dá thoilleadh luchtaithe uasta.

(6) Nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin:

(a) ón dáta a chuirtear an táirge ar an margadh go dtí 5 bliana ar a laghad tar éis an dáta sin, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, má sholáthraíonn siad nuashonruithe slándála, nuashonruithe ceartúcháin nó nuashonruithe feidhmiúlachta ar chóras oibriúcháin, nuashonruithe den sórt sin a chur ar fáil gan aon chostas d'aonaid uile múnla táirge a bhfuil an córas oibriúcháin céanna acu;

(b) beidh feidhm ag an gceanglas dá dtagraítear i bpointe (a) maidir le nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin a thairgeann monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go deonach agus maidir le nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin a sholáthraítear chun dlí an Aontais a chomhlíonadh;

(c) ní mór nuashonruithe slándála nó ceartúcháin a luaitear faoi phointe (a) a bheith ar fáil don úsáideoir 4 mhí ar a dhéanaí tar éis cód foinse de chuid nuashonraithe ar an mbun-chóras oibriúcháin a eisiúint go poiblí nó, mura n-eisítear an cód foinse go poiblí, tar éis don soláthraí córais oibriúcháin nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin céanna a eisiúint nó ar aon táirge eile den bhranda céanna;

(d) ní mór nuashonruithe feidhmiúlachta a luaitear faoi phointe (a) a bheith ar fáil don úsáideoir 6 mhí ar a dhéanaí tar éis cód foinse de chuid nuashonraithe ar an mbun-chóras oibriúcháin a eisiúint go poiblí nó, mura n-eisítear an cód foinse go poiblí, tar éis don soláthraí córais oibriúcháin nuashonrú ar an gcóras oibriúcháin céanna a eisiúint nó ar aon táirge eile den bhranda céanna;

(e) féadfaidh nuashonrú ar chóras oibriúcháin nuashonruithe slándála, ceartúcháin agus feidhmiúlachta a chomhcheangal;

(f) i gcás ina léirítear le nuashonrú feidhmiúlachta arna sholáthar ag monaróir, allmhaireoir nó ionadaí údaraithe tionchar diúltach ar fheidhmíocht an ghairis, modhnóidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an córas oibriúcháin a scaoileadh chun an fheidhmíocht chéanna ar a laghad a bhí ann roimh an nuashonrú a áirithiú laistigh de thréimhse réasúnta ama, saor in aisce agus gan cur isteach suntasach ar an úsáideoir deiridh, ach amháin má thoiligh an t-úsáideoir deiridh go sainráite leis an tionchar diúltach roimh an nuashonrú.

### 1.3. **Comhpháirteanna plaisteacha a mharcáil**

Ón 20 MEITHEAMH 2025, déanfar comhpháirteanna plaisteacha atá níos troime ná 50 g a mharcáil ach an cineál polaiméire a shonrú leis na siombailí caighdeánacha nó leis na téarmaí giorraithe iomchuí arna socrú idir na marcanna poncaíochta ‘>’ agus ‘<’ de réir mar a shonraítear sna caighdeáin atá ar fáil. Beidh an mharcáil inléite.

Beidh comhpháirteanna plaisteacha díolmhaithe ó cheanglais mharcála ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní féidir an mharcáil a dhéanamh mar gheall ar an gcruth nó ar an méid;

(ii) bheadh tionchar ag an marcáil ar fheidhmiú nó ar fheidhmiúlacht na comhpháirte plaistí;

(iii) ní féidir an mharcáil a dhéanamh go teicniúil mar gheall ar an modh múnlaithe.

I gcás na gcomhpháirteanna plaisteacha seo a leanas, ní éileofar aon mharcáil:

(i) pacáistiú, téip, lipéid agus cumhdaigh shoshínte;

(ii) sreangú, cáblaí agus nascóirí, páirteanna rubair agus aon chomhpháirt eile i gcás nach bhfuil a dhóthain achair dromchla iomchuí ar fáil ina leith chun go mbeadh an mharcáil ar mhéid inléite;

(iii) Cóimeálacha PCB, boird PMMA, comhpháirteanna súl, comhpháirteanna díluchtaithe leictreastataigh, comhpháirteanna trasnaíochta leictreamaighnéadaí, callairí;

(iv) páirteanna trédhearcacha i gcás ina gcuirfeadh an mharcáil bac ar fheidhm na páirte atá i gceist.

### 1.4. **Ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht**

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó a n-ionadaithe údaraithe an fhaisnéis díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar aon cheann de na comhpháirteanna táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, pointe 1, de Threoir 2012/19/AE a chur ar fáil, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana, gan dochar d'Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE.

(2) Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) seicheamh na gcéimeanna, na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar na comhpháirteanna spriocdhírithe.

(3) Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) ar fáil go dtí 15 bliana ar a laghad tar éis aonad deiridh múnla táirge a chur ar an margadh.

## 2. CEANGLAIS FAISNÉISE

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméadacht theicniúil agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí í ar shuíomhanna gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) comhoiriúnacht le cártaí cuimhne inbhainte, más ann dóibh;

(b) raon meáchain tháscaigh na n-amhábhar criticiúil seo a leanas agus ábhair atá ábhartha maidir leis an gcomhshaol:

(i) cóbalt sa cheallra (raon meáchain: níos lú ná 2 g, idir 2 g agus 10 g, os cionn 10 g);

(ii) tantalam i dtoilleoirí (raon meáchain: níos lú ná 0.01 g, idir 0.01 g agus 0.1 g, os cionn 0.1 g);

(iii) neoidimiam i gcallairí, i mótair chreathaidh agus i maighnéid eile (raon meáchain: níos lú ná 0.05 g, idir 0.05 g agus 0.2 g, os cionn 0.2 g);

(iv) ór i ngach comhpháirt (raon meáchain: níos lú ná 0.02 g, idir 0.02 g agus 0.05 g, os cionn 0.05 g).

(c) luach táscach an ráta in-athchúrsáilteachta $R_{cyc}$;

(d) an céatadán táscach d'ábhar athchúrsáilte don táirge nó do chuid de, i gcás ina bhfuil sé ar fáil; mura bhfuil sé ar fáil, ba cheart an t-ábhar athchúrsáilte a léiriú mar 'ní fios' nó 'níl sé ar fáil';

(e) rátáil cosanta iontrála;

(f) buanseasmhacht íosta ceallraí i dtimthriallta i líon na dtimthriallta;

(g) i gcás gairis infhillte, tabharfar le fios nár 'Cuireadh an gaireas seo faoi thástáil frithsheasmhachta in aghaidh scríobtha'.

(2) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe treoracha úsáideora i bhfoirm lámhleabhar úsáideora ar shuíomh gréasáin saor-rochtana de chuid an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, agus áireofar an méid seo a leanas ann:

(a) conas rochtain a fháil ar fhaisnéis an ghairis ón gcóras bainistíochta ceallra ar:

(i) dáta mhonaraíocht an cheallra;

(ii) dáta chéad úsáid an cheallra tar éis don chéad úsáideoir an gaireas a shocrú;

(iii) líon na dtimthriallta luchtaithe/díluchtaithe iomlána (tagairt: toilleadh rátaithe);

(iv) staid sláinte tomhaiste (an toilleadh iomlán luchtaithe atá fágtha i gcoibhneas leis an toilleadh rátaithe in %).

(b) treoracha maidir le cothabháil an cheallra, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) tionchair ar shaolré an cheallra a bhaineann leis an ngaireas a nochtadh do theochtaí ardaithe, pátrúin fho-optamacha luchtaithe, luchtú tapa agus éifeachtaí díobhálacha eile atá ar eolas;

(ii) éifeachtaí a bhaineann le naisc raidió a mhúchadh, amhail WiFi agus Bluetooth, ar ídiú cumhachta;

(iii) faisnéis faoi cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn an gaireas le gnéithe eile a chuireann le saolré an cheallra, amhail luchtú cliste, agus faisnéis faoin gcaoi ina gcuirtear na gnéithe sin i ngníomh nó faisnéis faoi na coinníollacha is fearr a n-oibríonn siad fúthu.

(3) Áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(a) Go dtaispeánfar faisnéis don úsáideoir faoi chriptiú sonraí a bheith cumasaithe de réir réamhshocraithe agus gaireas nua á chumrú, lena n-áirítear míniú go n-éascaíonn sé seo scriosadh sonraí trí athshocrú sa mhonarcha.

(b) Go dtabharfar fógra don úsáideoir gur dócha go méadóidh luchtú gan sreang an úsáid fuinnimh agus an ceallra á luchtú, má roghnaítear luchtú gan sreang.

(4) I gcás nach bhfuil luchtaire sa phacáiste, beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna treoracha d'úsáideoirí sin dá dtagraítear i bpointe 2: 'Ar chúiseanna comhshaoil níl luchtaire sa phacáiste seo. Is féidir an gaireas seo a luchtú le formhór na gcuibheoirí cumhachta USB agus cábla le plocóid USB Cineál-C'.

## C. **FÓIN GAN SREANG**

### 1. MODHANNA CUMHACHTA ÍSLE

Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar le fóin siúil na ceanglais seo a leanas:

(1) ní bheidh níos mó ná 1 Vata i gceist le hídiú Pn de chumhacht fuireachais líonraithe ag stáisiún bunáite a loingsítear le fón siúil, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sás láimhe ar an stáisiún bunáite;

(2) ní bheidh níos mó ná 0.6 Vata i gceist le hídiú Pn de chumhacht fuireachais ag leaba luchtaithe gan fheidhmíocht stáisiún bunáite a loingsítear le fón gan sreang agus an sás láimhe luchtaithe ar an leaba luchtaithe, agus 0.3 Vata a bheidh i gceist mura bhfuil an sás láimhe ar an leaba luchtaithe.

2. CEANGLAIS MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ

2.1. **Dearadh le haghaidh deisiúcháin agus athúsáide**

(1) Infhaighteacht páirteanna spártha

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, cuirfidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad, nuair is ann dóibh:

(i) cóimeáil scáileáin taispeána;

(ii) nascóir(í) fuaime seachtrach(a);

(iii) po(i)rt luchtaithe seachtrach(a);

(iv) cnaip(í) meicniú(i)l(a);

(v) príomh-mhicreafó(i)n;

(vi) callair(e)(í);

(b) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, cuirfidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla agus d'úsáideoirí deiridh, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad:

(i) ceallra nó ceallraí;

(ii) cumhdach le haghaidh urrann ceallra;

(iii) luchtaire, mura bhfuil gabhdán USB Cineál-C feistithe ar an mbunstáisiún, ar cheart é a bheith in-rochtana agus feidhmiúil i gcónaí;

(iv) leaba luchtaithe;

(c) Páirteanna spártha a mbaineann pointí (a) agus (b) leo, cóimeálacha a bheidh iontu nach mbeidh níos mó ná ceann amháin de na cineálacha páirteanna spártha a liostaítear ina chuid díobh;

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh liosta na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointí (a) agus (b) agus an nós imeachta maidir lena n-ordú ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí deireadh thréimhse infhaighteachta na bpáirteanna spártha sin.

Dearfar fóin siúil chun go n-úsáidfear ceallraí in-athluchtaithe iontu a mbeidh toisí fisiceacha caighdeánaithe acu.

(2) Rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, go dtí 7 mbliana tar éis an dáta a tógadh as an margadh é, rochtain ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla maidir le páirteanna a cumhdaíodh faoi phointí 1(a) agus (b) sna coinníollacha seo a leanas, mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) Taispeánfar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe an próiseas clárúcháin le haghaidh deisitheoirí gairmiúla chun rochtain a fháil ar fhaisnéis; chun glacadh le hiarraidh den sórt sin, féadfaidh na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na hionadaithe údaraithe a éileamh ar an deisitheoir gairmiúil na nithe seo a leanas amháin a léiriú:

(i) go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag an deisitheoir gairmiúil fóin siúil a dheisiú agus go gcomhlíonann sé na rialacháin is infheidhme maidir le deisitheoirí trealaimh leictrigh sna Ballstáit ina n-oibríonn sé. Glacfar le tagairt do chóras oifigiúil um chlárúchán mar dheisitheoir gairmiúil, i gcás inarb ann do chóras den sórt sin sna Ballstáit lena mbaineann, mar chruthúnas ar chomhlíontacht an phointe seo;

(ii) go bhfuil an deisitheoir gairmiúil cumhdaithe faoi árachas lena gcumhdaítear dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíocht, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé seo á éileamh ag an mBallstát.

(b) Glacfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe leis an gclárú nó déanfaidh siad é a dhiúltú laistigh de 5 lá oibre ó dháta na hiarrata. I gcás ina ndiúltófar é, soláthrófar réasún soiléir don iarrthóir ina leagfar amach na cúiseanna atá taobh thiar den chinneadh sin, a ndéanfar é a chúlghairm, má iarrann an deisitheoir gairmiúil sin go gclárófar é le faisnéis nuashonraithe, a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain a dheonú;

(c) Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe táillí réasúnacha agus comhréireacha a ghearradh as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó as nuashonruithe tráthrialta a fháil ar an bhfaisnéis sin. Soláthrófar an clárú dó sin saor in aisce. Measfar táille a bheith réasúnach go háirithe mura gcuireann sé in aghaidh rochtana toisc nach gcuirtear san áireamh a mhéid a úsáideann an deisitheoir gairmiúil an fhaisnéis;

(d) Nuair a chláraítear é, beidh rochtain ag deisitheoir gairmiúil, laistigh de 1 lá oibre amháin tar éis dó í a iarraidh, ar an bhfaisnéis a d'iarr sé faoi dheisiú agus faoi chothabháil. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh múnla comhionann nó le haghaidh múnla den fhine chéanna, más ábhartha;

(e) Áireofar san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil dá dtagraítear i bpointe (a) an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointí 1(a) agus (b) a ionadú agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh inti:

(i) sainaithint aonchiallach an táirge;

(ii) léarscáil díchóimeála nó scar-amharc;

(iii) léaráidí sreangaithe agus naisc, de réir mar is gá le haghaidh anailís teipe;

(iv) léaráidí cláir leictreonaigh;

(v) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;

(vi) lámhleabhar teicniúil treoracha le haghaidh deisiúcháin, lena n-áirítear na céimeanna aonair a mharcáil;

(vii) faisnéis faoi fhabhtanna diagnóiseacha agus faoi earráidí diagnóiseacha (lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir, i gcás inarb infheidhme);

(viii) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (e.g. íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(ix) treoracha le haghaidh bogearraí agus dochtearraí (lena n-áirítear bogearraí athshocraithe);

(x) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an ngaireas, i gcás inarb infheidhme, cé is móite d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta amhail faisnéis iompair agus suímh a bhaineann leis an úsáideoir;

(xi) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar dheisiú gairmiúil, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin idirlín, seoltaí agus sonraí teagmhála deisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2 (a) agus (b).

(f) Gan dochar do chearta maoine intleachtúla, ceadófar do thríú páirtithe faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil gan athrú a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe ar dtús agus a chumhdaítear le pointe (e) a úsáid agus a fhoilsiú a luaithe a chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe deireadh le rochtain ar an bhfaisnéis sin tar éis dheireadh na tréimhse rochtana ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh treoracha deisiúcháin agus faisnéis faoi chothabháil le haghaidh na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointe 1 (b) ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad. Beidh an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(b) a athsholáthar san fhaisnéis sin.

(3) Am seachadta uasta páirteanna spártha

(a) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(i) le linn na chéad 5 bliana den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 5 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil;

(ii) le linn an 2 bhliain atá fágtha den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 10 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil.

(b) I gcás páirteanna spártha a mbaineann pointe 1(a) leo féadfar infhaighteacht páirteanna spártha a theorannú do dheisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2(a) agus (b).

(4) Faisnéis faoi phraghas na bpáirteanna spártha

Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b), soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe praghsanna réamhchánach táscacha, in euro ar a laghad, le haghaidh páirteanna spártha a liostaítear i bpointí 1(a) agus (b), lena n-áirítear praghas réamhchánach ceanglóirí agus uirlisí, má sholáthraítear leis an bpáirt spártha iad, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe.

(5) Ceanglais díchóimeála

Comhlíonfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na ceanglais díchóimeála seo a leanas:

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar páirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(a) na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha, nó in-athúsáide nó athsholáthartha;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:

— gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— le huirlisí atá ar fáil ar bhonn tráchtála;

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh i dtimpeallacht cheardlainne;

(iv) beidh ginearálaí in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair, ar a laghad, a dhéanamh.

(b) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar ceallraí na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí in-athúsáide nó athsholáthartha;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht úsáide;

(iv) beidh gnáthdhuine in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(c) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar chóimeáil an scáileáin taispeána na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:

— gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

— le huirlisí atá ar fáil ar bhonn tráchtála;

(iii) beifear in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh i dtimpeallacht ceardlainne;

(iv) beidh ginearálaí in ann an próiseas le haghaidh athsholáthair a dhéanamh.

(6) Ceanglais maidir le hullmhúchán i gcomhair athúsáide

Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go bhfuil feidhm bhogearra ag gairis, a athshocraíonn an gaireas chuig a shocruithe monarchan agus a léirscriosann gach faisnéis phearsanta lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don leabhar seoltaí, teachtaireachtaí téacs, pictiúir, físeáin, socruithe agus an stair glaonna go sábháilte de réir réamhshocraithe.

2.2. **Comhpháirteanna plaisteacha a mharcáil**

Ón 20 MEITHEAMH 2025, déanfar comhpháirteanna plaisteacha atá níos troime ná 50 g a mharcáil ach an cineál polaiméire a shonrú leis na siombailí caighdeánacha nó leis na téarmaí giorraithe iomchuí arna socrú idir na marcanna poncaíochta '>' agus '<' de réir mar a shonraítear sna caighdeáin atá ar fáil. Beidh an mharcáil inléite.

Beidh comhpháirteanna plaisteacha díolmhaithe ó cheanglais mharcála ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní féidir an mharcáil a dhéanamh mar gheall ar an gcruth nó ar an méid;

(ii) bheadh tionchar ag an marcáil ar fheidhmiú nó ar fheidhmiúlacht na comhpháirte plaistí;

(iii) ní féidir an mharcáil a dhéanamh go teicniúil mar gheall ar an modh múnlaithe.

I gcás na gcomhpháirteanna plaisteacha seo a leanas, ní éileofar aon mharcáil:

(i) pacáistiú, téip, lipéid agus cumhdaigh shoshínte;

(ii) sreangú, cáblaí agus nascóirí, páirteanna rubair agus aon chomhpháirt eile i gcás nach bhfuil a dhóthain achair dromchla iomchuí ar fáil ina leith chun go mbeadh an mharcáil ar mhéid inléite;

(iii) Cóimeálacha PCB, boird PMMA, comhpháirteanna súl, comhpháirteanna díluchtaithe leictreastataigh, comhpháirteanna trasnaíochta leictreamaighnéadaí, callairí;

(iv) páirteanna trédhearcacha i gcás ina gcuirfeadh an mharcáil bac ar fheidhm na páirte atá i gceist.

2.3. **Ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht**

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó a n-ionadaithe údaraithe an fhaisnéis díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar aon cheann de na comhpháirteanna táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, pointe 1, de Threoir 2012/19/AE a chur ar fáil, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana, gan dochar d'Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE.

(2) Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) seicheamh na gcéimeanna, na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí díchóimeála is gá chun rochtain a fháil ar na comhpháirteanna spriocdhírithe.

(3) Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (1) ar fáil go dtí 15 bliana ar a laghad tar éis aonad deiridh múnla táirge a chur ar an margadh.

3. CEANGLAIS FAISNÉISE

Ón 20 MEITHEAMH 2025:

(1) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméadacht theicniúil agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí í ar shuíomhanna gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

   (a) comhoiriúnacht le cártaí cuimhne inbhainte, más ann dóibh;

   (b) raon meáchain tháscaigh na n-amhábhar criticiúil seo a leanas agus ábhair atá ábhartha maidir leis an gcomhshaol:

      (i) cóbalt sa cheallra (raon meáchain: níos lú ná 0.5 g, idir 0.5 g agus 3 g, os cionn 3 g);

      (ii) tantalam i dtoilleoirí (raon meáchain: níos lú ná 0.01 g, idir 0.01 g agus 0.2 g, os cionn 0.2 g);

      (iii) neoidimiam i gcallairí, i mótair chreathaidh agus i maighnéid eile (raon meáchain: níos lú ná 0.1 g, idir 0.1 g agus 0.5 g, os cionn 0.5 g);

      (iv) ór i ngach comhpháirt (raon meáchain: níos lú ná 0.02 g, idir 0.02 g agus 0.1 g, os cionn 0.1 g);

   (c) luach táscach an ráta in-athchúrsáilteachta $R_{cyc}$;

   (d) an céatadán táscach d'ábhar athchúrsáilte don táirge nó do chuid de, i gcás ina bhfuil sé ar fáil; mura bhfuil sé ar fáil, ba cheart an t-ábhar athchúrsáilte a léiriú mar 'ní fios' nó 'níl sé ar fáil';

(2) Soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe treoracha úsáideora i bhfoirm lámhleabhar úsáideora ar shuíomh gréasáin saor-rochtana de chuid an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe. I gcás nach bhfuil luchtaire sa phacáiste, beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna treoracha d'úsáideoirí sin: 'Ar chúiseanna comhshaoil níl luchtaire sa phacáiste seo. Is féidir an gaireas seo a luchtú le formhór na gcuibheoirí cumhachta USB agus cábla le plocóid USB Cineál-C'.

## D. RÍOMHAIRÍ TÁIBLÉID

1. CEANGLAIS MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ

### 1.1. Dearadh le haghaidh deisiúcháin agus athúsáide

(1) Infhaighteacht páirteanna spártha

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta ar cuireadh ar an margadh iad, cibé acu is déanaí, cuirfidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad, nuair is ann dóibh:

(i) ceallra nó ceallraí;

(ii) cóimeáil ceamara éadain;

(iii) cóimeáil ceamara cúil;

(iv) nascóir(í) fuaime seachtrach(a);

(v) po(i)rt luchtaithe seachtrach(a);

(vi) cnaip(í) meicniú(i)l(a);

(vii) príomh-mhicreafó(i)n;

(viii) callair(e)(í);

(ix) cóimeáil insí;

(x) meicníocht fhilleadh meicniúil an scáileáin taispeána.

(b) Páirteanna spártha a mbaineann pointí (a) agus (c) leo, cóimeálacha a bheidh iontu nach mbeidh níos mó ná ceann amháin de na cineálacha páirteanna spártha a liostaítear ina chuid díobh, lena n-áirítear na heisceachtaí seo a leanas:

(i) féadfaidh micreafóin a bheith ina bpáirt de challaire nó de chóimeáil poirt luchtaithe sheachtraigh;

(ii) féadfar nascóirí fuaime seachtracha a chomhcheangal leis na poirt luchtaithe sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iii) féadfar poirt luchtaithe sheachtracha a chomhcheangal leis na nascóirí fuaime seachtracha nó leis na poirt sheachtracha mar na poirt chéanna;

(iv) féadfaidh cóimeáil insí a bheith ina cuid de mheicníocht fhilleadh meicniúil an aonaid taispeána;

(v) Féadfar micreafón, callairí, cnaipí agus nascóirí seachtracha a chomhcheangal le cóimeáil ardleibhéil má chomhlíontar na ceanglais iontaofachta seo a leanas:

— comhlíonann an gléas rátáil IP42;

— tá friotaíocht timthriall dúnta teagmhála ag an gcnaipe cumhachta ≥20 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthriall dúnta teagmhála ag an gcnaipe fuaime ≥10 000 timthriall;

— tá friotaíocht timthrialla ionsáite/astarraingthe ag an nascóir luchtaithe ≥3 000 timthriall.

(c) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí:

(i) déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla, lena n-áirítear na ceanglóirí is gá, mura bhfuil siad in-athúsáidte, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad:

(a) ceallra nó ceallraí;

(b) cumhdach cúil nó cóimeáil an chumhdaigh cúil, má bhíonn sé le baint go hiomlán chun an ceallra a athsholáthar;

(c) scragall cosanta le haghaidh scáileáin taispeána infhillte;

(d) cóimeáil scáileáin taispeána;

(e) luchtaire, mura gcomhlíonann an gaireas Airteagal 3(4) de Threoir 2014/53/AE;

(f) Tráidire SIM agus tráidire cárta cuimhne, más ann do shliotán seachtrach le haghaidh tráidire SIM nó tráidire cárta cuimhne.

(ii) ní fhéadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe an ceallra nó na ceallraí dá dtagraítear i bpointe (i)(a) a sholáthar ach amháin do dheisitheoirí gairmiúla má áirithíonn monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) comhlíonann an gléas rátáil IP42;

(b) go bhfuil toilleadh atá fágtha de 83 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil ag an gceallra, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, tar éis 500 timthriall iomlán luchtaithe;

(c) bainfidh buanseasmhacht ceallraí i dtimthriallta méid íosta 1 000 timthriall iomlán luchtaithe amach agus tar éis 1 000 timthriall iomlán luchtaithe, nuair a bheidh sé luchtaithe go hiomlán, beidh toilleadh atá fágtha de 80 % ar a laghad den toilleadh ainmniúil aige.

(d) Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh liosta na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointí (a) agus (c) agus an nós imeachta maidir lena n-ordú ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí deireadh thréimhse infhaighteachta na bpáirteanna spártha sin.

(2) Rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh é, cibé acu is déanaí, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, go dtí 7 mbliana tar éis an dáta a tógadh as an margadh é, rochtain ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a sholáthar do dheisitheoirí gairmiúla maidir le páirteanna a cumhdaíodh faoi phointí 1(a) agus (c) sna coinníollacha seo a leanas, mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe:

(a) Taispeánfar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe an próiseas clárúcháin le haghaidh deisitheoirí gairmiúla chun rochtain a fháil ar fhaisnéis; chun glacadh le hiarraidh den sórt sin, féadfaidh na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na hionadaithe údaraithe a éileamh ar an deisitheoir gairmiúil na nithe seo a leanas amháin a léiriú:

(i) go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag an deisitheoir gairmiúil ríomhairí táibléid a dheisiú agus go gcomhlíonann sé na rialacháin is infheidhme maidir le deisitheoirí trealaimh leictrigh sna Ballstáit ina n-oibríonn sé. Glacfar le tagairt do chóras oifigiúil um chlárúchán mar dheisitheoir gairmiúil, i gcás inarb ann do chóras den sórt sin sna Ballstáit lena mbaineann, mar chruthúnas ar chomhlíontacht an phointe seo;

(ii) go bhfuil an deisitheoir gairmiúil cumhdaithe faoi árachas lena gcumhdaítear dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíocht, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé seo á éileamh ag an mBallstát;

(b) Glacfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe leis an gclárú nó déanfaidh siad é a dhiúltú laistigh de 5 lá oibre ó dháta na hiarrata. I gcás ina ndiúltófar é, soláthrófar réasún soiléir don iarrthóir ina leagfar amach na cúiseanna atá taobh thiar den chinneadh sin, a ndéanfar é a chúlghairm, má iarrann an deisitheoir gairmiúil sin go gclárófar é le faisnéis nuashonraithe, a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain a dheonú;

(c) Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe táillí réasúnacha agus comhréireacha a ghearradh as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó as nuashonruithe tráthrialta a fháil ar an bhfaisnéis sin. Soláthrófar an clárú dó sin saor in aisce. Measfar táille a bheith réasúnach go háirithe mura gcuireann sé in aghaidh rochtana toisc nach gcuirtear san áireamh a mhéid a úsáideann an deisitheoir gairmiúil an fhaisnéis;

(d) Nuair a chláraítear é, beidh rochtain ag deisitheoir gairmiúil, laistigh de 1 lá oibre amháin tar éis dó í a iarraidh, ar an bhfaisnéis a d'iarr sé faoi dheisiú agus faoi chothabháil. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh múnla comhionann nó le haghaidh múnla den fhine chéanna, más ábhartha;

(e) Áireofar san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil dá dtagraítear i bpointe (a) an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(a) agus (c) a ionadú agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh inti:

(i) sainaithint aonchiallach an táirge;

(ii) léarscáil díchóimeála nó scar-amharc;

(iii) léaráidí sreangaithe agus naisc, de réir mar is gá le haghaidh anailís teipe;

(iv) léaráidí cláir leictreonaigh;

(v) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;

(vi) lámhleabhar teicniúil treoracha le haghaidh deisiúcháin, lena n-áirítear na céimeanna aonair a mharcáil;

(vii) faisnéis faoi fhabhtanna diagnóiseacha agus faoi earráidí diagnóiseacha (lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir, i gcás inarb infheidhme);

(viii) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (e.g. íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(ix) treoracha le haghaidh bogearraí agus dochtearraí (lena n-áirítear bogearraí athshocraithe);

(x) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an ngaireas, i gcás inarb infheidhme, cé is móite d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta amhail faisnéis iompair agus suímh a bhaineann leis an úsáideoir;

(xi) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar dheisiú gairmiúil, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin idirlín, seoltaí agus sonraí teagmhála deisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2 (a) agus (b);

(f) Gan dochar do chearta maoine intleachtúla, ceadófar do thríú páirtithe faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil gan athrú a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe ar dtús agus a chumhdaítear le pointe (e) a úsáid agus a fhoilsiú a luaithe a chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe deireadh le rochtain ar an bhfaisnéis sin tar éis dheireadh na tréimhse rochtana ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.

Ón 20 MEITHEAMH 2025 nó ó 1 mhí amháin tar éis an dáta a cuireadh an táirge ar an margadh, cibé acu is deireanaí, beidh treoracha deisiúcháin agus faisnéis faoi chothabháil le haghaidh na bpáirteanna spártha lena mbaineann pointe 1 (c) ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, go dtí 7 mbliana ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh ar an margadh iad. Beidh an leibhéal mionsonraithe is gá chun a bheith in ann páirteanna a chumhdaítear le pointe 1(c) a athsholáthar san fhaisnéis sin.

(3) Am seachadta uasta páirteanna spártha

(a) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

(i) le linn na chéad 5 bliana den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 5 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil;

(ii) le linn an 2 bhliain atá fágtha den tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), seachadtar páirteanna spártha laistigh de 10 lá oibre tar éis tar éis dóibh an t-ordú a fháil.

(b) I gcás páirteanna spártha a mbaineann pointe 1(a) leo féadfar infhaighteacht páirteanna spártha a theorannú do dheisitheoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le pointí 2(a) agus (b).

(4) Faisnéis faoi phraghas na bpáirteanna spártha

Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (c), soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe praghsanna réamhchánach táscacha, in euro ar a laghad, le haghaidh páirteanna spártha a liostaítear i bpointí 1(a) agus (c), lena n-áirítear praghas réamhchánach ceanglóirí agus uirlisí, má sholáthraítear leis an bpáirt spártha iad, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe.

(5) Ceanglais díchóimeála

Comhlíonfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na ceanglais díchóimeála seo a leanas:

(a) Ón 20 MEITHEAMH 2025, áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go gcomhlíonfar leis an bpróiseas le haghaidh athsholáthar chóimeáil an scáileáin taispeána agus na bpáirteanna dá dtagraítear i bpointe 1(a), cé is móite den cheallra nó de na ceallraí, na critéir seo a leanas:

(i) beidh ceanglóirí inbhainte, athsholáthartha nó in-athúsáide;

(ii) beidh an próiseas le haghaidh athsholáthair indéanta ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:

— gan aon uirlis, le huirlis nó le tacar uirlisí a sholáthraítear leis an táirge nó leis an bpáirt spártha, nó le bun-uirlisí;

